



COMHLACHT
CHALAFORT
ÁTHA CLIATH

DUBLIN
PORT
COMPANY

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS 2024



EOLAS COMHLACHTA

Rúnaí & Oifig Chláraithe

Michael Lennon
Ionad an Chalafoirt
Bóthar Alexandra, Baile Átha Cliath 1

Uimhir Chláraithe

262367

Príomhbhaincéirí/Príomhiasachtóirí

Banc na hÉireann
2 Burlington Plaza
Bóthar Burlington, Baile Átha Cliath 4

An Banc Eorpach Infheistíochta
98-100 Boulevard Konrad Adenauer
L-2950 Lucsamburg

Bainc-Aontas Éireann cpt
10 Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2

Infheisteoirí Domhanda Allianz GMBh
199 Bishopsgate
Londain
EC2M 3TY

Iniúcháirí

PricewaterhouseCoopers
Cuntasóirí Cairte agus
Gnólacht Iniúchta Reachtúil
1 Duga Spencer
Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1

Dlíodóirí

Beauchamps CDT
2 Cois Abhann
Cé Sir John Rogerson, Baile Átha Cliath 2


Eversheds Sutherlands CDT
1 Lárionad Phort an Iarla
Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2

Mason Hayes & Curran CDT
Teach an Phoirt Theas
Sráid na Bearú, Baile Átha Cliath 4

Achtúirí

Mercer
Teach Charlotte
Sráid Charlemont, Baile Átha Cliath 2

- 04** Príomhpointí Airgeadais 2024
- 06** Príomhtháscairí Feidhmíochta Airgeadais
- 10** Stiúrthóirí
- 16** Ráiteas ón gCathaoirleach
- 24** Athbhreithniú ón bPríomhfheidhmeannach
- 32** Tuarascáil na Stiúrthóirí
- 40** Tuarascáil Neamhspleách an Iniúchóra
- 48** Beartais Chuntasaíochta
- 54** Cuntas Brabúis agus Caillteanais
- 55** Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach
- 56** Clár Comhardaithe
- 57** Ráiteas ar Athruithe ar Chothromas
- 58** Ráiteas ar Shreafaí Airgid
- 59** Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais
- 82** Staitisticí Calafóirt (neamhiniúchta)




PRÍOMHPHOINTÍ AIRGEADAIS

2024

Láimhdeachas

€106.3m ↗ 4.8%



Brabús Oibriúcháin

€38.8m ↗ 0.2%




Brabús i ndiaidh Cánach

€30.0m ↗ 1.9%




TRÚCDA

€59.1m ↗ 4.2%



Caiteachas Caipitil

€100.6m ↗ 57.2%



Iomlán an Chothromais

€615.7m ↗ 2.2%



Tréachur (tona)

35.2m ↘ -1.2%



Aonaid RóRó

944,296 ↘ -2.0%




LóLó TEUs

885,436 ↗ 11.2%



Líon Paisinéirí

1.6m ↘ -6.0%



PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA AIRGEADAIS

Eolas Breise (neamhiniúchta)

Úsáideann Comhlacht Chalafort Átha Cliath roinnt príomhtháscairí feidhmíochta airgeadais (KPlanna) chun feidhmíocht an Chomhlachta a thomhas. Is tomhais airgeadais iad na KPlanna seo nach bhfuil riachtanach faoi Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn (GAAP na hÉireann). Léiríonn na KPlanna seo bearta breise chun feidhmíocht a mheasúnú agus chun tuairisciú go himmheánach agus do scairshealbhóirí agus cabhraíonn siad freisin le heolas a chur ar fáil do chinnteoireacht, cabhrú le socrú spriocanna éifeachtach agus dul chun cinn a rianú maidir le cuspóirí straitéiseacha an Comhlachta a bhaint amach.

Creideann an Comhlacht go soláthraíonn cur i láthair na KPlanna seo faisnéis bhreise úsáideach a thugann, nuair a bhreathnaítear air i gcomhar le heolas airgeadais GAAP na hÉireann, tuiscint níos bríonna do pháirtithe leasmhara ar bhunfheidhmíocht airgeadais agus oibriúcháin an Chomhlachta.

Úsáidtear na tomhais seo go himmheánach freisin chun feidhmíocht stairiúil agus pleanáilte an Chomhlachta don todhchaí a mheas. Níor cheart aon cheann de na KPlanna seo a úsáid mar mhalairt ar thomhais airgeadais a dhíorthaítear de réir GAAP na hÉireann. Is iad seo a leanas na príomh-KPlanna a úsáideann an Comhlacht, mar aon le réitigh nuair nach bhfuil na KPlanna inaitheanta go héasca ó na ráitis airgeadais:

	2024 €'000	2023 €'000
TRÚCDA	59,130	56,721
Corrlach TRÚCDA (%)	55.6%	55.9%
TRÚC	38,756	38,682
Corrlach TRÚC (%)	36.5%	38.1%
Toradh ar Chaipiteal a Úsáidtear (TACÚ) (%)	4.9%	5.3%
Glanmhuirir úis	4,682	6,109
Cumhdach úis		
- Bunús TRÚCDA (amanna)	12.6	9.3
- Bunús TRÚC (amanna)	8.3	6.3
Glanfhiachas	(270,437)	(178,116)
Glanfhiachas mar chéatadán de chothromas iomlán (%)	(43.9%)	(29.6%)
Glanfhiachas mar chéatadán de shócmhainní seasta (%)	(32.6%)	(23.8%)
Glanfhiachas/TRÚCDA	4.6	3.1
TRÚC	38,756	38,682
Dímheas agus amúchadh	18,583	16,809
Amúchadh deontas caipitiúil	(448)	(452)
Gluaiseacht luacha chóir ar réadmhaoin infheistíochta	850	1,315
Brabús ar dhiúscairt sócmhainní	-	(75)
Lagú sócmhainní seasta	1,389	442
TRÚCDA	59,130	56,721

TRÚC: Tuilleamh roimh chostais airgeadais agus cánachas.

TRÚCDA: Tuilleamh roimh mhíreanna eisceachtúla, glanchostais airgeadais, cánachas, dímheas agus amúchadh, agus costais lagaithe sócmhainní seasta.

Cumhdach úis: An cóimheas idir TRÚCDA nó TRÚC le glanmhuirir úis.

COCU: An cóimheas idir an brabús oibriúcháin agus an meánchaipiteal a úsáideadh.

Glanfhiachas: Iomlán glan na n-iasachtaí reatha agus neamhreatha, airgid thirim agus coibhéisí airgid thirim, mar a chuirtear i láthair sa Chlár Comhardaithe. Chun críocha cúnaint airgeadais a ríomh, áirítear in airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim bannaí rialtais aibíochta suas le bliain amháin. Áirítear leis sin €16.7m a chuirtear i láthair in Infheistíochtaí Eile (féach nóta 16)

TRÚCDA (€'000)

€59,130



TRÚC (€'000)

€38,756



Brabús i ndiaidh cánach (€'000)

€30,046



Glanfhiachas (€m)

€270.4



Toradh ar Chaipiteal a Úsáidtear (TACÚ)

4.9%



Glanfhiachas/TRÚCDA (ó thaobh ama de)

4.6



TRÁDÁIL





**JERRY GRANT**

Cathaoirleach

Tá taithí ag Jerry Grant mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin agus mar Chomhairleoir Straitéiseach Gnó, in earnálacha an Bhonneagair agus na bhFóntas ginearálta. Faoi láthair tá sé ina Chathaoirleach ar Bhord Uisce Éireann, ina Chathaoirleach ar Chomhlacht Chalafoirt Átha Cliath, ina Chathaoirleach ar an bhFóram Ardvoltais (Earnáil Leictreachais agus Bóithre), agus ina bhall den Ghrúpa Comhairleach um Mórthionscadail ag RCPSPFNA (An Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe). Bhunaigh sé Comhroinnt Uisce Éireann mar Chlár SPRIOC in 2018 chun comhpháirtíocht a chumasú idir SPRIOC agus an earnáil uisce in Éirinn, rud a chuidíonn le tionscadail uisce agus sláintíochta a sheachadadh i dtíortha i mbéal forbartha. Roimhe sin bhí sé ina Stiúrthóir Bainistíochta ag Uisce Éireann, ina Stiúrthóir ar Chomhairliúchán OutForm agus roimhe sin ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Innealtóirí Comhairleacha RPS.

Tá Céim Céadonóracha san Innealtóireacht Shibhialta ag Jerry, chomh maith le Dioplóma i nDlí na gConarthaí agus Eadrána ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Is Comhalta é d'Institiúid Innealtóirí na hÉireann, d'Acadamh Innealtóirí na hÉireann, is ball é d'Institiúid Stiúrthóirí. Fuair sé Gradam an Uachtaráin ó CICÉ (Cumann Innealtóirí Comhairleacha na hÉireann) in 2017 le haghaidh Seirbhísí don Innealtóireacht in Éirinn agus fuair sé Duais Chomhshaoil na hÉireann 2018 ó ICBUC (Institiúid Chairte um Bainistíocht Uisce agus Comhshaoil) (Brainse Phoblacht na hÉireann), Gradam Sár-Éachta ó ICE (Institiúid na nInnealtóirí Sibhialta) (Brainse Phoblacht na hÉireann) chomh maith le Gradam Conraitheora Innealtóireachta Sibhialta 2018 as seirbhísí don tionscal.



BARRY O'CONNELL

Príomhfheidhmeannach

Ceapadh Barry O'Connell ina Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin ar Chomhlacht Chalafort Átha Cliath an 14 Samhain 2022.

Thosaigh Barry ag obair le Comhlacht Chalafort Átha Cliath ón gCóras Coca-Cola, áit a raibh ról shinsearacha iomadúla aige agus inar éirigh leis tionscnaimh bhunathraithe eagraíochtúla a stiúradh in Éirinn, sa Rúis, san Ostair/sa tSlóivéin, sa Nua-Shéalainn, san Astráil, agus i Singeapór/sa Mhalaeisia. Go hiondúil, is éard a bhí i gceist leis na tionscnaimh seo ná mórthionscadail infheistíochta caipitiúla i réimsí na déantúsaíochta agus na lóistíochta, athruithe céime i straitéis díolacháin agus margaíochta, tionscnaimh dhigitithe nuálacha agus infheistíocht shuntasach chun cultúr agus cumas eagraíochtúil a fhorbairt. Agus é i gceannas ar thionscnaimh athraithe dá leithéid, tá taithí shuntasach faighte ag Barry i réimsí na straitéise, na ceannaireachta, an athraithe eagraíochtúil agus le bainistíocht pháirtithe leasmhara.

Tá Barry ina Chathaoirleach ar SPRIOC Domhanda freisin, agus an post sin aige ó mhí Iúil 2021. Is eagraíocht neamhrialtasach idirnáisiúnta (ENRI) é SPRIOC a bhfuil stair bhródúil aici a théann siar níos mó ná 40 bliain agus í mar fhreagairt dhaonnúil i roinnt de na comhthéacsanna is dúshlánaí agus is deacra ar fud an domhain. Tá SPRIOC ag feidhmiú faoi láthair in 14 thír, lena n-áirítear an tSiria, an Aetóip agus Háítí san áireamh. Is post deonach agus páirtaimseartha é post Barry mar Chathaoirleach.

Is as cathair Chorcaí ó dhúchas Barry, agus tá céim sa Riarachán Gnó aige ó Ollscoil Luimnigh agus tá tuilleadh staidéir déanta aige in Ollscoil Cranfield agus san Institiúid Idirnáisiúnta um Fhorbairt Bainistíochta (IFB) san Eilvéis.



MICHAEL BROPHY
Stiúrthóir



DENISE CRONIN
Stiúrthóir



DR. BERNA GRIST
Stiúrthóir



MICHAEL HAND
Stiúrthóir

Is saineolaí ar bhainistíocht comhshaoil agus ar ghnó é **Michael Brophy** a bhfuil taithí ar leith aige ar mheasúnú a dhéanamh ar eagraíochtaí ó thaobh comhlíonadh dlíthiúil comhshaoil agus dea-chleachtas idirnáisiúnta maidir le bearta agus rialuithe maolaithe comhshaoil.

Tá a lán taithí ag Michael ar bheartas agus rialachán Eorpacha a bhaineann leis an gcomhshaoil a chur chun feidhme ar bhealach praiticiúil chun comhlíonadh a bhaint amach, agus tá sé ar cheann de na hiniúcháirí comhshaoil atá chun tosaigh in Éirinn, a bhfuil taithí os cionn fiche bliain aige ar riosca don chomhshaoil agus rialuithe dea-chleachtais a mheasúnú thar raon leathan eagraíochtaí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach.

D'oibrigh Michael go dlúth le comhlachtaí rialála agus tá saineolas ar leith aige ar iniúchadh imshaoil agus/nó scéimeanna forfheidhmithe a fhorbairt agus a sheachadadh faoi Theoracha agus Rialacháin éagsúla an AE. Bhí Michael ina Stiúrthóir agus ina chomhalta Boird ar Bhoird éagsúla in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe, san Iodáil agus sa tSeapáin agus tá MSc aige i mBeartas agus Rialachán Comhshaoil na hEorpa agus BSc in Eolaíocht an Chomhshaoil.

Ceapadh **Denise Cronin** ar Bhord Chomhlacht Chalafoirt Átha Cliath i mí Eanáir 2022 ar feadh téarma cúig bliana. Oibríonn sí le Comhlacht Ceadaithe Tithíochta mar Cheann Airgeadais. Bhí go leor ról airgeadais aici i roinnt cuideachtaí Éireannacha agus Meiriceánacha thar réimse leathan tionscal. Tá Denise ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin agus ina Cathaoirleach ar Choiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca san Earnáil Leathstáit le breis agus 13 bliain. Is Comhalta í de Chuntasóirí Cairte na hÉireann, tá Baitsiléir Tráchtála (Onór.) aici ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, MSc i mBeartas Poiblí ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Diplóma i Riosca, Iniúcháireacht Inmheánach agus Comhlíonadh ó Chuntasóirí Cairte na hÉireann.

Is Ollamh Taca í an **Dr. Berna Grist B.L.**, abhcóide agus pleanálaí baile cairte, i Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus na bPolasaithe Comhshaoil i gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá PhD aici ó Ollscoil Uladh ar an gCreat Reachtaíochta agus Rialála d'Fhorbairt i bPoblacht na hÉireann agus tá go leor foilsithe aici i réimsí na pleanála agus an dlí comhshaoil, an bheartais phoiblí agus an rialachais. Tá Berna ag obair mar abhcóide ó 1991, agus í mar speisialtóir i gcomhairleacht agus in obair chomhairleach a bhaineann leis an bpleanáil agus leis an dlí comhshaoil. In éineacht le James Macken SC nach maireann, rinne sí comheagarthóireacht ar an Leabhar Fíricí um Dhlí Pleanála na hÉireann (2003), a thug sí cothrom le dáta go bliantúil go dtí gur cuireadh tús le rith an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2024 tríd an Oireachtas. In 2013 d'fhoilsigh sí an dara heagrán de Thús Eolais ar Dhlí Pleanála na hÉireann. Ceapadh Berna ar Bhord Chomhlacht Chalafoirt Átha Cliath i mí Eanáir 2022 ar feadh téarma cúig bliana. Le linn na tréimhse 2001-2006, bhí sí mar bhall den Bhord Pleanála agus, in 2013, ceapadh í ar an Sainghrúpa le comhairle a thabhairt don Aire Tithíochta agus Pleanála a thiocfaidh i gcomharba ar an Straitéis Spáis Náisiúnta 2002-2020. Tá am caite aici ar go leor Bord Stáit agus is stiúrthóir í faoi láthair ar Fhoras na Mara.

Ceapadh **Michael Hand** ar Bhord Chomhlacht Chalafoirt Átha Cliath i mí Feabhra 2018 ar feadh tréimhse trí bliana agus athcheapadh é i mí Feabhra 2021 ar feadh cúig bliana eile. Tá an-taithí ag Michael tar éis 40 bliain a chur de mar cheannaire sinsearach sna hearnálacha Comhairleoireachta, Innealtóireachta agus Tógála in Éirinn. Bhí ról aige mar Stiúrthóir agus mar Stiúrthóir Bainistíochta ar chuideachtaí príobháideacha, poiblí agus stáit, lena n-áirítear ó bliana mar POF agus mar Stiúrthóir ar Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin. Tá dea-theist air maidir le dearadh agus cur i bhfeidhm mórthionscadal bonneagair straitéiseach ar fud na hÉireann. Chomh maith leis sin, tá cáil bainte amach aige mar oibrí deonach agus mar Stiúrthóir san earnáil pobail dheonach.

Tá Michael thar a bheith cáilithe in Innealtóireacht agus Gnó. Tá Céim aige san Innealtóireacht Shibhialta ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Máistreacht sa Riarachán Gnó ó Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Bronnadh Dochtúireacht Oinigh air ó Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (Iar-Institiúid Teicneolaíochta BÁC) i 2014 mar aitheantas dá raibh bainte amach aige mar innealtóir, mar fhostaí seirbhíse poiblí agus mar ghníomhaí ar mhaith le na phobal féin. Is Comhalta de cheithre institiúid ghairmiúla é agus is Innealtóir Cairte, Stiúrthóir Cairte agus Bainisteoir Cairte Uisce agus Comhshaoil é.



MAIRÉAD NÍ CHEÓINÍN
Stiúrthóir



MICHAEL LENNON
Rúnaí Comhlachta



BERNARD POWER
Stiúrthóir

Ceapadh **Bernard Power** ar Bhord Chalafort Átha Cliath i nDeireadh Fómhair 2022. Thosaigh Bernard leis an gComhlacht in 2013 agus bhí sé ina phiólóta mara laistigh d'Oibríochtaí Cuain ó shin i leith. Mar phiólóta mara oibríonn sé go dlúth leis an gCaptaen long agus tá sé freagrach as loingseoireacht shábháilte soithí agus é ag teacht nó ag imeacht ón gCalafort.

Tá taithí fhairsing ag Bernard ar phiolótú soithí de mhéideanna éagsúla laistigh de Chalafort Átha Cliath agus i bhfostaíocht roimhe seo.

Bhí Bernard ina bhall gníomhach de choiste rannóige CSTGT sular ceapadh é agus tá an-spéis aige ionadaíocht a dhéanamh ar a chomhghleacaithe sa Chalafort san obair uathúil agus thábhachtach a dhéanann siad.

Is as Ruainín a' maithníoch í gCarna, Conamara do **Mairéad NíCheóinín**. D'fhreastail sí ar Scoil na h-Airde Mhoire agus is ansin a chuala sí go leor faoi thraidisiún na seoltóireachta i gConamara. Dar ndóigh bhí baint ag muintir a h-athair, Sean M.O'Ceóinín N.T. leis na bád mhóra a sheol idir Fiodhnais, Carna agus Gaillimh agus ina dhiaidh sin a bhí ag plé le báid trálaer agus cúrsaí iascaireachta i gConamara agus Cuan na Gaillimhe.

Chaith Mairéad blianta na meánscoilíochta ag Scoil Phobal Mhic Dara agus 'chuile samhradh bhí sí ag freastail ar gealta na mbád Mhóra la Mhic Dara i Carna, Cloch na Ron, Cinn Mhara agus feilte bliantúla sna hOilean agus Sruthan go rialta. Idir an ardteist le críochnú agus an Ollscoil, fuair sí deis páirt a ghlacadh mar mar dhuine den chriú an Asgard II sa rás cáiliúil Cutty Sark i San Malo

Roghnaigh Mairéad céim i gcúrsaí Tráchtála agus Loingseoireachta in Ollscoil Cardiff. Tar eis céim a baint amach thosnaigh sí ag obair i Londain in oifig a Port Authority of New York agus New Jersey. Lean sí uirthi i gcúrsaí ghnóthú, margaíochta, meáin cumarsáide agus polasaithe a bhain le earnáil tráchtála na mara. Bhí sí ag obair in Éirinn san IMDO (Irish Maritime Development Office), i Londain do cheann de na chomhlachtaí árachais mara is sine as domhain agus do charthanacht seanbhunáitne idirnauisunta, an Marine Society Sea Cadets, eagraíocht a spreagann daoine óga chun eolas a chur ar sheoltóireacht agus ar an mhairnéalach mar slí bheatha.

Faoi láthair tá Mairéad mar bhall neamhspleach ar Bhord an Irish Heritage Trust, thana fhein charity sí 10 mbliana ar Bord TG4. Le déanaí bhí sí ag obair mar comhairleoir do chúrsaí polasaithe leis an International Maritime Organization (an IMO) i Londain.

Thosaigh **Michael Lennon** leis an gComhlacht in 1990 agus tá tréimhsí caite aige i roinnt ról shinsearach sa eagraíocht lena n-áirítear Iniúchóir Inmheánach agus Bainisteoir Soláthair go dtí gur ceapadh é mar Rúnaí Comhlachta i mí Mheán Fómhair 2023. Tacaíonn Michael leis an mBord maidir le hábhair a bhaineann le Rialachas Corparáideach agus lena ndualgais mar stiúrthóir. Feidhmíonn Michael chomh maith mar lontaobhaí de scéim pinsin le Sochar Sainithe Chomhlacht Chalafort Átha Cliath. Tá Céim Baitsiléara i Staidéar Gnó ag Michael ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chomh maith le MBA ón Ollscoil Oscailte

COMHSHAOL





RÁITEAS ÓN GCATHAOIRLEACH

Tháinig méadú 1.2% ar OTI in 2024 agus tháinig méadú 2.7% ar Éileamh Intíre Modhnaithe (ÉIM), ar tomhas níos iontaofa ar ghníomhaíocht intíre é, sa bhliain. Tá sé sin ag teacht lenár bhfás aonadaithe gan tionchar Holyhead a áireamh.

Athbhreithniú Trádála agus Airgeadais

Chríochnaigh tréchur calafoirt in 2024 ag 35.2m tona arb ionann é sin agus laghdú 0.4m tona (1.2%) ar an mbliain roimhe sin. Tháinig méadú 1.9% ar líon iomlán na n-aonad i gcoimeádán, in ainneoin an tionchair a bhí ag dúnadh Holyhead i mí na Nollag, agus bhí ardú isteach/amach (LóLó) ag feidhmiú go han-láidir. Ba é Bulcsholad a spreag an meath agus ba é dúnadh Mianaigh Bolíden Tara in 2024 an phríomhchúis leis.

Tháinig méadú 1.2% ar OTI in 2024 agus tháinig méadú 2.7% ar Éileamh Intíre Modhnaithe (ÉIM), ar tomhas níos iontaofa ar ghníomhaíocht intíre é, sa bhliain. Tá sé sin ag teacht lenár bhfás aonadaithe gan tionchar Holyhead a áireamh.

Tá tábhacht leanúnach ag baint leis an treocht atá ag dul i méid anois maidir le Rolladh ann-Rolladh as (RóRó) neamhthionlactha ón AE. In 2024, b'ionann RóRó neamhthionlactha agus 75% de mhéideanna iomlána RóRó agus tá impleachtaí suntasacha aige sin fós ar úsáid talún ag an gCalafort as a n-eascraíonn pointí fáiscithe acmhainne. Tá cainteanna ar siúl maidir le húsáid thailte an Stáit chun déileáil le méideanna méadaithe tar éis Brexit.

Táimid ag súil le filleadh ar an bhfás ar mhéideanna na gCalafort sa mheántearma agus san fhadtearma ar aon dul leis an bhfás atá tuartha ar ÉIM ag an mBanc Ceannais agus ag an Roinn Airgeadais.

Anailís Airgeadais

- Ba é láimhdeachas na bliana ná €106.3m, méadú 4.8% ar €101.4m sa bhliain roimhe sin.
- Bhí Brabús Oibriúcháin €38.8m beagán ní b'airde ná mar a bhí in 2023.
- B'ionann TRÚCDA (Tuilleamh roimh Mhíreanna Eisceachtúla, glanchostas airgeadais, cánachas, dímhéas, amúchadh agus costais Lagaithe) agus €59.1m arb ionann é sin agus méadú €2.4m (4.2%) ar 2023.
- B'ionann brabús don Bhliain Airgeadais agus €30.0m i gcomparáid le €29.5 in 2023, arb ionann é sin agus méadú €0.5m (1.9%).

Tá forléargas cuimsitheach ar an bhfeidhmíocht Trádála agus Airgeadais leagtha amach in Athbhreithniú an Phríomh-Fheidhmeannaigh agus i dTuarascáil na Stiúrthóirí.





Éachtaí 2024

Agus mé ag machnamh ar 2024 tá roinnt éachtaí sonracha ar mhaith liom béim a chur orthu:

- I mí Iúil, rinne an Comhlacht iarratas pleanála chuig an mBord Pleanála dá fhorbairt 3FM. Is é an Tionscadal an tríú tionscadal agus an tionscadal deiridh atá le tabhairt ar aghaidh ó Mháistirphlean Chalafoirt Átha Cliath 2012 (a athbhreithníodh in 2018). Baineann sé le forbairt acmhainne breise Poirt a theastaíonn i limistéar an chalafoirt theas ar Leithinis an Phoill Bhig. Ba chloch mhíle shuntasach é sin maidir le réadú na forbartha 3FM atá beartaithe agus forbraíodh é le dian-rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara chun freastal ar riachtanais an Chalafoirt agus ar thorthaí dearfacha pobail agus comhshaoil.
- Cuireadh tús leis an gcéad phríomhchéim de Thionscadal MP2 in 2024, nuair a cuireadh tús le tógáil Bheart 53 nua agus le tógáil na leithe thoir de Bheart 52 nua ag an taobh thoir den Chalafoirt Thuaidh. Tar éis an tionscadail seo cuirfear críoch leis an leath thiar de Bheart 52 nua, rud a cheadóidh inlúnadh abhantraí suntasaí de thart ar 5.7 heicteár chun limistéar láimhseála lastais breise a chruthú. Beidh Beartanna 52 agus 53 nua in ann na soithí RóRó is mó in aicme atá suas le 240m ar fad a láimhseáil, agus beidh droichid tógála dhá leibhéal acu, rud a mhéadóidh athléimneacht oibriúcháin an Chalafoirt.
- In 2024, i gcomhpháirtíocht le hIarnród Éireann, ach ar chostas an Chomhlachta, cuireamar tús le hobair ag Iosta Lasta Iarnróid Éireann ar Bhóthar an Phoirt Thoir chun

soláthar a dhéanamh do mhéideanna lasta iarnróid atá ann cheana féin chomh maith leis an bhféidearthacht chun lasta iarnróid a leathnú. Bhí na hoibreacha sin riachtanach chun uailmhian Iarnród Éireann lasta iarnróid a mhéadú agus ag an am céanna éascú a dhéanamh ar uasghrádú agus cuíchóiriú na saoráidí ar Ché Alexandra agus Bóthar Alexandra. Bhí an infheistíocht sin comhsheasmhach lenár n-aighneacht chuig an Athbhreithniú Straitéiseach Iarnróid Uile-Éireann in 2022. Áireofar sna hoibreacha atá ar siúl faoi láthair ar Bhóthar Alexandra líne iarnróid uasghrádaithe chun tacú le hoibriú leanúnach an Iarnróid ó Mhianaigh Boliden Tara. Ní bheifear in ann lasta iarnróid a leathnú tuilleadh isteach i gceantar Ché Alexandra mar gheall ar dhianoibriúcháin an Chalafoirt sa limistéar sin, ach níl aon srian ar an raon feidhme iarnróid a fhorbairt ag Iosta Lasta Iarnróid an Phoirt Thoir.

- I mí Mheán Fómhair, osclaíodh Glasbhealach Inbhear na Tulchann ag Calafort Átha Cliath don phobal, agus sheol an tAire Stáit Iompair ag an am, an tUasal James Lawless TD, go hoifigiúil é. Cloch mhíle shuntasach inár Máistirphlean, tá an Calafort ar oscailt do mhuintir Bhaile Átha Cliath ar bhealach iomlán nua de bharr an Ghlasbhealaigh, rud a sholáthraíonn bealach rothaíochta agus coisithe comhroinnte a nascann Páirc Ghnó an Phoirt Thoir le Teirminéil Farantóireachta agus atá feadh imeall thuaidh an Chalafoirt ar feadh 4km. Laistigh den chéad chúpla mí ó osclaíodh é, tá fáilte curtha ag an nGlasbhealach roimh níos mó ná 45,000 duine a bhaint taitneamh as radhairc iontacha trasna Inbhear na Tulchann go Cluain Tarbh agus Cuan Bhaile Átha Cliath.

RÁITEAS ÓN GCATHAOIRLEACH AR LEAN

- Fuarthas cead pleanála i mí na Samhna 2024 maidir leis an athchóiriú mór atá beartaithe ar Cheannoifig an Chomhlachta, Lárionad an Chalafoirt, ar Bhóthar Alexandra. Tá Lárionad an Chalafoirt os cionn 40 bliain d'aois agus tabharfar leis an athchóiriú atá beartaithe an foirgneamh go dtí na rialacháin reatha maidir le húsáid fuinnimh agus le caighdeáin tógála nua-aimseartha. Tá an Comhlacht tiomanta do Spriocanna na hEarnála Poiblí seo a leanas sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide:

- Laghdú 51% ar Astaíochtaí Carbóin faoi 2030
- Laghdú 50% ar Fhuinneamh Príomhúil, faoi 2030 freisin
- RFF B2 nó níos fearr sa tréimhse sin freisin
- Conair chuig Neodracht Charbóin faoi 2050

De bharr na móroibreacha athchóirithe atá beartaithe, meastar go mbeidh Lárionad an Chalafoirt Neodrach ó thaobh Carbóin de roimh 2050.

De bharr na móroibreacha athchóirithe atá beartaithe, meastar go mbeidh Lárionad an Chalafoirt Neodrach ó thaobh Carbóin de roimh 2050.



Ár sainordú a sheachadadh

Is é sainordú Chomhlacht Calafort Átha Cliath faoi na hAchtanna Cuanta agus Beartas Náisiúnta na gCalafort an bonneagar Calafort a sholáthar a theastaíonn chun fás leanúnach na hÉireann ar thrádáil idirnáisiúnta a éascú i gcomhar le calafoirt náisiúnta eile.

Le blianta beaga anuas tá méadú tagtha ar leibhéal an tráchta RóRó neamhthionlactha sa Chalafoirt, cé go bhfuil laghdú tagtha ar mheánmheáchan gach aonaid. In éineacht le fás mór gan choinne ar thrácht LóLó a bhaineann le hathrú suntasach ar thrácht lastais ón mBreatain Mhór go calafoirt mhór-roinne, tá dúshlán maidir le hinfhaighteacht talún ag tarlú níos minice anois de bharr an mheascáin sin. Bhí moilleanna loingseoireachta agus scuaine sa chuan mar gheall ar an easpa infhaighteachta talún uaireanta. Dhéanfaí na brúnna sin a mhaolú go páirteach trí thalamh a úsáideann na Gníomhaireachtaí Stáit (le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le Brexit agus feidhmeanna eile) agus tailte atá á bhforbairt a thabhairt ar ais. Agus léargas fadtéarmach á chur san áireamh, áfach, baineann sé an bonn den ghá atá le cur chun feidhme fhorbairt Mháistirphlean 2040 a choimeád ar bun ar luas in ainneoin fás níos ísle ná mar a bhí beartaithe ar thréachur tonnáiste ó 2019 i leith.

In 2023, deimhníodh i dtuarascáil ó Chomhairleoirí Eacnamaíocha INDECON an comhchoibhneas láidir idir feidhmíocht an gheilleagair náisiúnta agus an méid a théann trí Calafort Átha Cliath. Ag leanúint air sin, d'úsáid INDECON sonraí réamhaisnéise ón Roinn Airgeadais agus ón Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) chun rátaí fáis fadtéarmacha a thuar. Meaitseáladh na meastacháin sin ina dhiaidh sin le pleananna an Chalafoirt chun a acmhainn a mhéadú faoi chlár caipitil Máistirphlean 2040. Ba é an chonclúid sa tuarascáil neamhspleách ná dá bhféadfadh Calafort Átha Cliath leanúint ar aghaidh ag seachadadh a phleananna leathnaithe caipitil, d'fhéadfadh sé freastal ar an bhfás réamh-mheasta ar mhéideanna, rud a d'éascódh fás eacnamaíoch náisiúnta leanúnach. Aithnítear sa tuarascáil na neamhchinnreachtaí dosheachanta a bhaineann le haon réamhaisnéis eacnamaíoch agus éilimh. Mar sin féin, aithnítear freisin an baol féideartha a bhaineann le tearcinfheistíocht nó moilleanna. Mar a luaitear sa chonclúid: *“Ó thaobh Chalafoirt Átha Cliath de, tá sé tábhachtach pleanáil a dhéanamh do chás ardfháis ionas go mbeidh acmhainn ar fáil sula gcaithfear an t-éileamh a shásamh. Tá sé sin amhlaidh mar gheall ar na costais eacnamaíochta an-suntasach a thiocfadh chun cinn mura féidir leis an gCalafort freastal ar éileamh custaiméirí.”*

Is gá a lua freisin go dtógfaidh an leathnú acmhainne atá beartaithe faoi Mháistirphlean 2040 suas le 15 bliana le críochnú. Idir an dá linn, beidh pointí fáiscithe acmhainne agus athléimneacht theoranta ag an gCalafort fós. Leanann Calafort Átha Cliath ar aghaidh ag feidhmiú ar leibhéal an-ard éifeachtúlachta i gcomparáid le calafoirt Eorpacha eile (go hiondúil ag feidhmiú ag acmhainn 60-70% le haghaidh athléimneacht oibriúcháin) agus tá Calafort Átha Cliath ag feidhmiú faoi láthair ag 93% maidir le LóLó agus ag 79% maidir le RóRó. Beidh ar Chalafoirt Átha Cliath leanúint ar aghaidh ag feabhsú a éifeachtúlachta chomh maith le tailte Brexit a ghnóthú má táimid chun fanacht chun tosaigh ar an éileamh.



Beidh Beartanna 52 agus 53 nua in ann na soithí RóRó is mó in aicme atá suas le 240m ar fad a láimhseáil, agus beidh droichid tógála dhá leibhéal acu, rud a mhéadóidh athléimneacht oibriúcháin an Chalafoirt.

Beidh an Bord fós ag díriú ar a chinntiú go seachadtar go tráthúil acmhainn rithábhachtach an Phoirt chun freastal ar an éileamh réamh-mheasta trí sheachadadh leanúnach chlár caipitil Máistirphlean 2040 agus trí bharrfheabhsú sócmhainní talún agus mara.

Tionscadail um Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh (FBS) atá beartaithe faoin Máistirphlean

Chun fíis iomlán an Mháistirphlean a chur i gcrích, beidh orainn trí Thionscadal Forbartha Bonneagair Straitéisigh ar scála mór a chur chun feidhme arb ionann iad le chéile agus forbairt deiridh Chalafoirt Átha Cliath. Dhíriomar go dtí seo ar an gcéad dá thionscadal seo – Tionscadal Athfhorbartha Abhantrach Alexandra agus Tionscadal MP2, agus bhí an tríú ceann (3FM) á fhorbairt don Phleanáil.

Tionscadal Athfhorbartha Abhantrach Alexandra (AAA)

Áirítear leis an tionscadal seo ballaí na cé atá ann cheana féin in Abhantrach Alexandra a dhoimhniú agus a shíneadh, lamairne nua 270m ar fad a sholáthar mar aon le dhá bheart nua RóRó laistigh den abhantrach istigh, inlínadh Bheartanna 52/53 atá ann cheana féin, agus dreidireacht sheolbhealach na Life go doimhneacht 10m faoi bhun Tagra Cairte. Críochnófar na príomhghnéithe innealtóireachta sibhialta deiridh den tionscadal, ballaí na cé nua ag Cé Alexandra Thiar, in 2025. Tá gnéithe den tionscadal ann nach bhfuil críochnaithe go fóill, cuid acu nach bhfuil ag teastáil a thuilleadh agus cuid acu a mbeidh tréimhse cheada níos faide ag teastáil uathu le cur i gcrích. Agus an cead 10 mbliana ag druidim chun deiridh in 2025, tá sé beartaithe staid phleanála an tionscadail a chur ina ceart in 2025, agus cead nua a lorg chun an tionscadal a thabhairt chun críche.

Mar chuid de leanúint le tionscadal AAA thángthas ar chomhaontú le R&H Hall, ar custaiméir buic an Chalafoirt le fada an lá é, na hiompróirí lastuas a bhí suite ar Ché Alexandra a bhaint agus na socrúithe oibre a chuíchóiriú. B'éigean iad a bhaint chun tógáil Bheartanna 30/31 a chríochnú, arbh í an tógáil balla cé deiridh a bhí fágtha i dtionscadal AAA. Mar thoradh air sin is féidir linn balla iomlán na cé a úsáid anois mar limistéar ilmhódach le haghaidh bulclasta, RóRó agus LóLó sa todhchaí.

Mar chuid den chomhaontú, thug an Comhlacht suas an tsaoráid sadhlainne, a bhí á fhothú ag an gcóras iompróra agus beidh R&H Hall ag leanúint ar aghaidh ag oibriú sa limistéar lasmuigh den limistéar stórála cothrom atá ann cheana féin.

Tionscadal MP2

I mí Iúil 2020, dheonaigh an Bord Pleanála cead pleanála 15 bliana don Tionscadal MP2, an dara ceann de na trí FBS a theastaíonn chun Máistirphlean 2040 a sheachadadh. Fuarthas na toilithe Imeall Trá agus Dumpála ar Muir a bhaineann leis an tionscadal in 2022. Ceadóidh na ceadanna seo dhá bheart a thógáil le fad iomlán de 545 méadar do longa coimeádáin LóLó agus dhá bheart le fad iomlán de 572 méadar do bháid farantóireachta Ró-Ró. Áireoidh an tionscadal athfhorbairt ar cheann de na lamairní ola atá ann cheana féin chun beart breise a sholáthar do longa coimeádáin de réir mar a laghdaítear an t-éileamh ar bhreoslaí iontaise mar fhreagra ar bheartais náisiúnta um athrú aeráide.

Cuireadh tús leis an gcéad phríomhchéim de Thionscadal MP2 in 2024, arb í sin tógáil Bheart 53 nua agus an leath thoir de Bheart 52 nua ag an taobh thoir den Chalafoirt Thuaidh. Tar éis an tionscadail sin cuirfear críoch leis an leath thiar de Bheart 52 nua, rud a cheadóidh inlínadh abhantraí suntasaí de thart ar 5.7 heicteár chun limistéar láimhseála lastais breise a chruthú. Beidh Beartanna 52 agus 53 nua in ann na soithí RóRó is mó in aicme atá suas le 240m ar fad a láimhseáil, agus beidh droichid tógála dhá leibhéal acu, rud a mhéadóidh athléimneacht oibriúcháin an Chalafoirt. Is príomhábhar imní don Chomhlacht í athléimneacht oibriúcháin, agus cuireadh béim ar a thábhachtaí atá sí nuair a dúnadh Calafort Holyhead i mí na Nollag 2024 agus an tionchar a bhí aige sin ar línte soláthair.

Agus Tionscadal AAA agus Tionscadal MP2 á dtógáil, tá gach cead pleanála faighte ag Comhlacht Chalafoirt Átha Cliath anois atá riachtanach do na móroibreacha forbartha atá beartaithe ar thaobh thuaidh an Chalafoirt faoi Mháistirphlean 2040, agus tá ár n-aird aistrithe chuig an bplean le haghaidh chur chun feidhme an tríú FBS atá beartaithe faoin Máistirphlean – tionscadal 3FM.

RÁITEAS ÓN GCATHAOIRLEACH

AR LEAN

Tionscadal 3FM

I mí na Samhna 2021 sheol an Comhlacht Tionscadal 3FM, an tríú tionscadal Máistirphlean agus an ceann deireanach a theastaíonn chun forbairt Chalafoirt Átha Cliath a thabhairt chun críche agus é a thabhairt go dtí a lánacmhainn deiridh faoi 2040. I mí Iúil 2024 rinne an Comhlacht iarratas pleanála faoi Alt 37E den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 chuig an mBord Pleanála dá fhorbairt 3FM.

Soláthróidh Tionscadal 3FM thart ar 12m tona den acmhainn a theastaíonn faoi 2040 trí chríochfort nua LóLó ag a mbeidh beartlann dhomhain atá in ann soithí suas le 240m ar fad a láimhseáil, agus críochfort nua RóRó atá in ann na soithí RóRó is mó in aicme a láimhseáil. Is as Mór-Roinn na hEorpa go príomha a thiocfaidh na soithí sin agus soláthróidh soithí níos mó barainneacht agus éifeachtúlacht carbóin níos fearr. Seachadfar an Tionscadal ar an gcúigiú cuid de thailte Chalafoirt Átha Cliath atá suite ar Leithinis an Phoill Bhig. Seachas gníomhaíochtaí reatha an Chalafoirt, tá an comhchruinniú is tábhachtaí de shaoráidí fónais agus fuinnimh sa tír cheana féin ar an leithinis, lena n-áirítear dhá stáisiún cumhachta, ceann de na hoibreacha séarachais is mó san Eoraip, an loisceoir is mó in Éirinn agus stóráil don Ghníomhaireacht Chúltacla Ola Náisiúnta.

Is iad seo a leanas príomhghnéithe na forbartha sin:

- Aistriú an chríochfoirt coimeádán LóLó atá ann cheana féin, a bheidh ina chríochfort nua RóRó.
- Déanfar an críochfort coimeádán LóLó atá ann cheana féin a athshuíomh ar struchtúr nua ardáin píil oscailte a thógfar thar an Life lastuaidh de Stáisiún Giniúna an Phoill Bhig agus a bheidh rochtain ó Bhóthar Theach Pigeon aige.
- Forbrófar caschiorcal loinge chun éascú a dhéanamh ar ainlithe soithí níos mó ó bheartanna abhann.
- Beidh na limistéir nuaforbartha sin nasctha le hEastát an Phoirt Thuaidh agus le Tollán an M50 trí dhroichead agus bóthar nua a fhorbairt, rud a sholáthróidh Bealach Rochtana an Chalafoirt Theas (BRCT). Nascfaidh an bealach sin le líonra bóithre an Chalafoirt sa Chalafoirt Thuaidh ag Bóthar Alexandra.
- Críochnóidh Tionscadal 3FM freisin forbairt líonra bóithre iomlán Chalafoirt Átha Cliath chun trácht an Chalafoirt a bhaint go suntasach de bhóithre poiblí i gcomharsanacht Chalafoirt Átha Cliath, go háirithe i gcomharsanacht Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh.
- Áirítear san fhorbairt freisin athshuíomh Oibríochtaí Chalafoirt óna suíomh in Eastát an Chalafoirt Thuaidh go saoráid saintógtha ag an Rinn in aice le campas sráidbhaile mhuirí nua agus an beart gaolmhar.
- Áirítear sa phlean soláthar de thart ar 5ha d'eastát an Chalafoirt chun ríocht phoiblí nua agus spásanna oscailte a sholáthar laistigh de Pháirc Chalafoirt agus Móinéar Bláthanna Fiáine, Páirc Chósta agus síneadh le Páirc Dhúlra an Bhaile Ghaelaigh, mar aon le 7.0km de chosáin/rotharbhealaí taistil ghníomhaigh nua agus uasghrádaithe, 4.9km de chosán nua nó uasghrádaithe agus léirmhínte oidhreacht agus idirghabhálacha eile a chomhlíonann cuspóir Mháistirphlean Chalafoirt Átha Cliath chun Chalafoirt Átha Cliath a chomhtháthú le Cathair Bhaile Átha Cliath.
- Tá an inbhuanaitheacht ag croílár Thionscadail 3FM, ní hamháin san fhorbairt bheartaithe ar láithreáin athfhorbraíochta, ach i soláthar saoráidí breise ríochta poiblí agus taistil ghníomhaigh, soláthar amach anseo do nascacht Luas le Leithinis an Phoill Bhig, agus nascacht iarnróid a chumasú ó Limistéar an Chalafoirt Theas go dtí an Líonra Iarnróid Náisiúnta trí sheirbhísí tiomnaithe ísealcharbóin siúnta.

Tionscadal 3FM



Acmhainn Chalafoirt tar éis 2040 agus Athbhreithniú ar Bheartas Náisiúnta na gCalafort

In 2020 chuir an Comhlacht tús le plé ar an gcaoi le hacmhainn dhóthanach Calafort a chinntiú do riachtanais na hÉireann tar éis 2040, agus aird ar leith á tabhairt don chósta thoir. Chun an díospóireacht a éascú ag an am, d'fhoilsigh an Comhlacht sraith de sheacht bpáipéar in 2020 mar chuid den Idirphlé ar Chalafoirt Átha Cliath tar éis 2040 chun a chinntiú go mbeidh comhairliúchán luath agus cuimsitheach againn ar an tsaincheist thábhachtach náisiúnta sin. Tá an-dúshlán ag baint le pleanáil fhadtéarmach an bhonneagair mhóir. Cé go bhfuil an t-éileamh fadtéarmach ar thrádáil mhuirí a thuar neamhchruinn, is gá pleananna leordhóthanacha a fhorbairt chun an riosca nach féidir ceanglais eacnamaíocha a chomhlíonadh in am trátha a sheachaint. Méadaítear an dúshlán a thuilleadh mar gheall ar an ngá atá ann freastal ar fhorbairt mhórsála ar ár n-earnáil fuinnimh amach ón gcósta chun ár spriocanna aeráide a bhaint amach.

Is féidir acmhainn bhreise Chalafoirt a bhaint amach trí na calafoirt atá ann cheana féin a leathnú nó trí fhorbairt nua láithreán úrnua nó trí mheascán den dá cheann acu sin. Cibé bealach, caithfidh forbairt den sórt sin dul i ngleic le timpeallacht phleanála chasta agus dhúshlánach a thógann cuid mhór ama agus infheistíochta – go háirithe má bhíonn tionchar ag forbairtí calafoirt atá beartaithe ar láithreáin Natura 2000. Ina theannta sin, tá forbairt an chalafoirt costasach, agus teastaíonn caipiteal ar mhórsála le haghaidh struchtúir an Chalafoirt agus an bhonneagair iompair riachtanaigh agus an bhonneagair cumasúcháin eile araon.

Ar an ábhar sin, cuirimid fáilte roimh an athbhreithniú ar bheartas náisiúnta na gcalafort atá ar siúl faoi láthair, agus roimh an deis a thugtar leis an athbhreithniú sin chun treoir straitéiseach a sholáthar tar éis Máistirphlean 2040 agus tionscnaimh reatha eile calafoirt. Bhí áthas orainn aighneacht a dhéanamh don Pháipéar Saincheisteanna ar an Athbhreithniú ar Bheartas Náisiúnta na gCalafort 2013 agus táimid ag tnúth le dul i dteagmháil leis an Roinn Iompair agus le gach páirtí leasmhar chun an t-athbhreithniú sin a chur chun cinn sna míonna amach romhainn.

Doiciméad beartais tábhachtach a bheidh anseo a dhéanfaidh múnú ar chur chuige na hÉireann maidir le forbairt bonneagair calafoirt sna blianta atá le teacht, agus muid ag dul i ngleic leis an tasc dúshlánach maidir le haghaidh a thabhairt ar an gcaoi a ndéileálaimid leis an acmhainn riachtanach a sheachadadh chun trádáil idirnáisiúnta a éascú, agus ár ngealltanais faoin Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, á gcomhlíonadh ag an am céanna.

Chuireamar béim ar roinnt príomhcheisteanna atá roimh chalafoirt uile na hÉireann agus go háirithe roimh Chalafoirt Átha Cliath. Ceann de na príomhcheisteanna sin ná an tábhacht a bhain le cinneadh gan mhoill a fháil ar ár n-iarratas pleanála 3FM chun an t-am a sholáthar is gá chun an acmhainn riachtanach a thógáil, rud a chuirfeadh ar ár gcumas na riachtanais fhadtéarmacha acmhainne Chalafoirt a chomhlíonadh le haghaidh gheilleagar na hÉireann.

Conclúid

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin (POF), Barry O'Connell, a fhoireann bainistíochta agus foireann uile Chomhlacht Chalafoirt Átha Cliath as a dtiomantas leanúnach. Lean an fhoireann ar aghaidh ag seachadadh príomhchuspóirí Máistirphlean 2040 agus ag an am céanna ag bainistiú ár líne ioncaim, ag cur dlúis le forbairt theicneolaíoch oibríochtaí an Chalafoirt agus ag cinntiú go ndéantar pleanáil agus tuairisciú ESG agus inbhuanaitheacht chomhshaoil a chomhtháthú lenár bpleanáil chun cinn. Ina theannta sin, feabhsaíodh rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara trí íomhá Chalafoirt Átha Cliath a nuachóiriú, chun fairsinge agus doimhneacht ár ngníomhaíochtaí a chur in iúl ar bhealach níos fearr agus chun ár n-ábhar agus ár ngníomhaíochtaí go léir a aontú faoi aon chreat soiléir cumarsáide amháin. Leanann an fhoireann ceannaireachta ag neartú agus rinneadh roinnt príomhcheapachán i rith na bliana. Is údar misnigh agam an leibhéal rannpháirtíochta cuidithí a threoraigh an fhoireann lenár bpáirtithe leasmhara go léir, go náisiúnta agus go háitiúil.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mBord as a gcuid oibre le bliain anuas. In 2024, leanadh de bhéim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le Bord éifeachtach a bhfuil taithí aige, rud a chinntíonn rialachas corparáideach láidir ar fud na heagraíochta. Táim ag tnúth le leanúint de bheith ag obair leo sa bhliain amach romhainn agus muid ag leanúint ar aghaidh ag comhlíonadh ár ról spreagúil mar mhaoirseacht ar cheann de na sócmhainní bonneagair is tábhachtaí sa Stát.

Ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil lenár gcustaiméirí agus lenár bpáirtithe leasmhara go léir as a dtacaíocht leanúnach agus muid ag obair chun ár gclár infheistíochta fadtéarmach a sheachadadh agus oibríochtaí laethúla a leanúint againn laistigh den Chalafoirt.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire agus leis an bhfoireann dhíograiseach sa Roinn Iompair as a rannpháirtíocht ghníomhach linn i rith 2024. Bhí an-áthas orm bualadh le foireann nua na nAirí le déanaí agus táim ag tnúth le bheith ag obair leo.

Agus muid ag tnúth le 2025, tá an bord muiníneach go dtógfaidh an fhoireann feidhmiúcháin ar staid láidir airgeadais agus ar fheidhmíocht oibriúcháin an Chomhlachta chun leanúint ar aghaidh ag seachadadh ár gcuspóirí straitéiseacha go léir agus chun freastal ar na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith romhainn sa bhliain.

Jerry Grant, Cathaoirleach
1 Aibreán 2025

OIDHREACHT





ATHBHREITHNIÚ ÓN BPRÍOMH-FHEIDHMEANNACH

In 2024, tháinig laghdú 1.2% ar 2023 go 35.2m tona ar mhéideanna trádála Chalafoirt Átha Cliath, arna dtomhas i dtonaí. As an easnamh sin, bhí 95% mar thoradh ar mhéideanna neamhaonadaithe agus ar bhulcsholaid go háirithe, arbh ionann iad agus 79% den easnamh iomlán.

Trádáil in 2024

Ag Calafort Átha Cliath, láimhseáiltear raon leathan lasta lena n-áirítear lasta i gcoimeádán, i bhfoirm aonad RóRó agus LóLó, leachtanna lena n-áirítear ola, táirgí builc amhail amhiarann agus bia d'ainmhithe agus earraí lastais lasta, ar téarma é a thugtar do chineálacha lasta móra uathúla de ghnáth, ar nós gineadóirí nó earraí cóimeáilte móra dá samhail. I bhfianaise na héagsúlachta sin lasta, is gnách go n-úsáideann calafoirt tonnáiste mar mhéadrach cineálach chun trácht na gcalafoirt a thuairisciú. Cé go bhfuil sé sin oiliúnach ar leibhéal amháin, is táscaire líne an-ard é freisin thar éagsúlacht na gcineálacha lasta.

In 2024, tháinig laghdú 1.2% ar 2023 go 35.2m tona ar mhéideanna trádála Chalafoirt Átha Cliath, arna dtomhas i dtonaí. As an easnamh sin, bhí 95% mar thoradh ar mhéideanna neamhaonadaithe agus ar bhulcsholaid go háirithe, arbh ionann iad agus 79% den easnamh iomlán. Ba iad na príomhchúiseanna leis an laghdú sin ná scor lastas amhiarainn mar gheall ar dhúnadh sealadach Mianaigh Boliden Tara, scor na n-onnmhairí bunluatha ag loisceoir Encyclis, cur isteach ar tháirgeadh stroighne agus leibhéal onnmhairí na hithreach éillithe in 2023 nach ndearnadh a mhacasamhlú in 2024. Tháinig laghdú 1.6% ar mhéideanna Bulcleachtanna ag 4.6m tona ar an mbliain roimhe sin, go príomha mar gheall ar bhiotáilí peitрил agus táirgí biotúmain.

Maidir le trádáil i gcoimeádán (arb ionann í agus breis agus 80% de thrádáil iomlán an Chalafoirt), bhí na méideanna arna dtomhas i dtonaí cothrom, ach tháinig méadú 1.9% ar líon na n-aonad a seoladh, rud a léiríonn tonnáiste laghdaithe in

aghaidh an aonaid. Ba cheart an t-ardú ar na haonaid a seoladh, ar a bhfuil ár n-ioncam bunaithe den chuid is mó, a chur i gcomhthéacs an cur isteach ar sheirbhísí Holyhead ag deireadh na bliana, rud a laghdaigh méideanna thart ar 15,000 aonad.

Laistigh de líon iomlán na méideanna aonadaithe, bhí laghdú 3.6% ar aonaid RóRó inchurtha go mór i leith chur isteach Holyhead i mí na Nollag. I gcodarsnacht leis sin, léirigh méadú 10.2% ar aonaid LóLó an fás leanúnach ar thrácht na hEorpa atá i bhfabhar modh LóLó. Tá lastas RóRó comhdhéanta de thrácht tionlactha agus neamhthionlactha – thart ar 25% agus 75% faoi seach. Téann lasta tionlactha RóRó go díreach tríd an gCalafort agus tá riachtanas íosta talún aige ach stóráiltear aonaid RóRó neamhthionlactha ar feadh tréimhsí gearra, go hiondúil idir 1 agus 3 lá ag an gCalafort agus mar sin teastaíonn spás taobh na talún uathu.

Tháinig laghdú 4.7% ar onnmhairí ag 13.3m tona agus tháinig méadú 1.0% go 21.9m tona ar allmhairí.

Ba é ba chúis leis an laghdú ar onnmhairí go príomha ná dúnadh leanúnach Mianaigh Boliden Tara in éineacht le laghdú ar bhreiseáin stroighne, ithir éillithe agus luaith cháithníníeach.

Tháinig laghdú 5.4% ar allmhairí feithiclí trádála go 107,095, rud a léiríonn laghdú ar mhéideanna nua ceadúnaithe gluaisteán príobháideacha agus gluaisteán athláimhe in 2024.

Tháinig laghdú freisin ar thrácht turasóireachta in 2024 agus tháinig laghdú 6.0% agus 7.7% faoi seach ar phaisinéirí agus ar fheithiclí turasóireachta. Tharla thart ar 60% den laghdú mar gheall ar dhúnadh Holyhead i mí na Nollag nuair a tháinig laghdú 60% ar líon na bpaisinéirí agus na bhfeithiclí turasóireachta.



Méideanna

'000 olltona	2024	2023	% athraithe
RóRó	20,746	21,514	(3.6%)
LóLó	8,090	7,342	10.2%
Iomlán Aonadaithe	28,836	28,856	(0.1%)
Bulcleacht	4,632	4,708	(1.6%)
Bulcsholad	1,684	2,022	(16.7%)
Briseadh Builc	50	45	11.1%
Iomlán na n-aonad neamhaonadaithe	6,366	6,775	(6.0%)
Móriomlán	35,202	35,631	(1.2%)


Allmhairí/Onnmhairí

'000 olltona	2024	2023	% athraithe
Allmhairí	21,926	21,701	1.0%
Onnmhairí	13,276	13,930	(4.7%)
Iomlán	35,202	35,631	(1.2%)


Méideanna Paisinéirí ar Bháid Farantóireachta

	2024	2023	% athraithe
Paisinéirí farantóireachta	1,639,350	1,743,565	(6.0%)
Feithiclí turasóireachta	465,771	504,716	(7.7%)

Allmhairí/Onnmhairí
35.2 milliúin
Olltona



Méideanna
35.2 milliúin
Iomlán na n-aonad as olltona



ATHBHREITHNIÚ ÓN BPRÍOMH-FHEIDHMEANNACH AR LEAN

Feidhmíocht Airgeadais in 2024

Ba é láimhdeachas don bhliain ná €106.3m, méadú 4.8% nó €4.8m ar an mbliain roimhe sin ag €101.4m. Ba iad arduithe praghaís agus leibhéil ghníomhaíochta ardaithe sna seirbhísí tuála agus píolótaíochta ba mhó ba chúis leis sin, rud a chuir i gcoinne méideanna laghdaithe. Tháinig méadú €3.3m (4.6%) ar mhuirir Bonneagair Calafóirt, arb ionann iad agus dleachtanna tonnáiste long agus dleachtanna earraí, agus tháinig méadú €1.1m ar ioncam ó dhleachtanna calafóirt eile agus tháinig méadú €0.5m ar ioncam cíosa.

- Tháinig méadú €4.7m (7.6%) ar chostais oibriúcháin iomlána sa bhliain 2024 go €67.5m ó €62.8m sa bhliain roimhe sin:
- Bhí dímheas agus amúchadh (glan ar amúchadh deontais) €1.8m ní b'airde sa bhliain 2024 ag €18.1m.
 - Tháinig méadú €0.5m (3.5%) ar chostais phárolla (glan ar phárolla caipitlithe agus gan pinsin san áireamh).
 - Costas láithreáin fholaimh arna ghearradh ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath arb ionann é agus €1.7m maidir le láithreán ar imeall thuaidh thailte an Chalafoirt atá curtha in áirithe le díol.
 - Aithníodh lagú breise ar shócmhainní seasta, rud a d'éascair méadú €0.9m.

Agus an méid thuas á chur san áireamh le chéile, bhí brabús oibriúcháin €38.8m ag an gComhlacht in 2024, beagán ní b'airde ná in 2023, toradh maith a bhí ann i ndálaí deacra oibriúcháin. I bhfianaise béime an Chomhlachta ar mhórchlár caipitil arna mhaoiniú ag fiachas a sheachadadh, tá sé tábhachtach an leibhéal brabús airgid thirim arna léiriú ag TRÚCDA (Tuilleamh Roimh mhíreanna eisceachtúla, glanchostas airgeadais, cánachas, dímheas, amúchadh agus costas lagaithe) a choinneáil. Le linn 2024 bhí TRÚCDA láidir fós, arbh ionann é agus €59.1m, méadú 4.2%.

B'ionann an muirear cánachais don bhliain agus €5.9m, i gcomparáid le €5.5m in 2023. Ba é an brabús do Bhliain Airgeadais 2024 ná €30.0m i gcomparáid le €29.5m in 2023 arb ionann é agus méadú €0.5m (1.9%). Ba é an Toradh ar Chaipiteal arna Úsáid (ROCE) in 2024 ná 4.9% i gcomparáid le 5.3% in 2023. Ba é luach sócmhainní seasta inláimhsithe agus sócmhainní doláimhsithe agus Réadmhaoine Infheistíochta an Chomhlachta de réir na leabhar ag deireadh 2024 ná €828.7m i gcomparáid le €748.9m ag deireadh 2023. Tháinig an ghluaiseacht don bhliain ó bhreiseanna €100.6m arna bhfritháireamh ag dímheas €18.5m, amúchadh €0.1m, lagú €1.4m agus laghdú €0.8m ar luach réadmhaoine infheistíochta P5 an Chomhlachta. Ba é an riocht glanfhiachais ag deireadh na bliana ná €270.4m, méadú €92.3m ó dheireadh 2023. Chomh maith le hairgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, tá €50m ag an gComhlacht in infheistíochtaí eile atá comhdhéanta de bhannaí Rialtais a bhfuil próifíl aibíochta níos faide ná trí mhí acu. Tháinig laghdú €5.3m ar iomlán na n-iasachtaí a bhain leis na haisíocaíochtaí sceidealta de €5.3m maidir le saoráid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta.

Feidhmíocht Airgeadais in 2024

€'000	2024	2023	% athraithe
Láimhdeachas	106,263	101,441	4.8%
Brabús Oibriúcháin	38,756	38,682	0.2%
Brabús roimh Cháin	35,926	35,019	2.6%
Brabús i ndiaidh Cánach	30,046	29,494	1.9%

TRÚCDA

€'000	2024	2023
Brabús Oibriúcháin	38,756	38,682
Dímheas agus amúchadh	18,583	16,809
Amúchadh deontas caipitiúil	(448)	(452)
Gluaiseacht luacha chóir ar réadmhaoine infheistíochta	850	1,315
Brabús ar dhiúscairt sócmhainní	-	(75)
Lagú sócmhainní seasta	1,389	442
TRÚCDA	59,130	56,721

Glanfhiachas

€m	2024	2023
Iasachtaíochtaí	372.3	377.6
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	101.9	199.5
Glanfhiachas	270.4	178.1



An tIonchas le haghaidh 2025

Agus muid ag breathnú ar aghaidh go dtí 2025, bhí dearcadh réasúnta coimeádach againn agus rinneamar buiséadú le haghaidh ráta fáis foriomlán 2.3%, i gcomhréir leis na réamhaisnéisí foriomlána fáis eacnamaíoch. Tá roinnt riosca ann do mhéideanna de bharr na héiginnteachta reatha maidir leis an timpeallacht mhaicreacnamaíoch agus gheopholaitiúil.

Agus muid ag druidim le 2025 agus ina dhiaidh, leanfar de bheith ag díriú ar ár gcumas an infheistíocht chaipitil shuntasach a theastaíonn chun Máistirphlean 2040 a sheachadadh a mhaoiniú. Mar gheall air sin b'éigean dúinn athbhreithniú a dhéanamh ar ár Straitéis Phraghsála Mhuirir Bonneagair Calafort 2022-26 agus arduithe praghais breise a chur chun feidhme le héifeacht ó mhí Aibreáin 2025.

Tá an Comhlacht dírithe i gcónaí ar a phríomh-shainordú a bhaint amach maidir le trádáil idirnáisiúnta a chumasú mar a léirítear i Máistirphlean 2040 agus sa Chlár Infheistíochta Bonneagair Caipitil a bhaineann leis. Táthar ag súil go n-ardóidh Infheistíocht Chaipitil in 2025 go €163m ó €100m in 2024. Beidh an clár infheistíochta in 2025 bunaithe ar fhorbairt Bheartanna 52 agus 53 mar chuid den tionscadal MP2, críochnú Ché Alexandra Thiar mar chuid de thionscadal AAA agus tosú na n-oibreacha uasghrádaithe ar Lárionad an Chalafort a fuair cead pleanála le linn 2024.

Tá an Comhlacht dírithe i gcónaí ar a phríomh-shainordú a bhaint amach maidir le trádáil idirnáisiúnta a chumasú mar a léirítear i Máistirphlean 2040 agus sa Chlár Infheistíochta Bonneagair Caipitil a bhaineann leis.

D'fháiltigh an Comhlacht roimh mhaoiniú €73.8m a bronnadh i rith na bliana ó SCE Iompar de chuid an AE (An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa). Cuirfear an maoiniú ó SCE Iompar i bhfeidhm ar phríomhchodanna de Thionscadal MP2 a mhéadóidh an acmhainn bearta chun déileáil le héileamh réamh-mheasta ar lasta RóRó sa todhchaí. Áirítear leis freisin soláthar an bhonneagair chun fuinneamh ó thíir go long a shuiteáil, rud a laghdóidh astaíochtaí Calafort ó shoithí i mbeart go suntasach agus iad sa Chalafort.

Tá béim leanúnach ar phleanáil fhadtéarmach sa Chomhlacht agus oibreoimid i rith na bliana seo chugainn chun Tionscadal 3FM a fhorbairt tar éis dúinn iarratas pleanála a chur isteach chuig an mBord Pleanála i mí Iúil 2024.

Is é Tionscadal 3FM an tríú tionscadal Máistirphlean agus an tionscadal deireanach atá ag teastáil chun acmhainn dheireanach Chalafort Átha Cliath a bhaint amach faoi 2040. Tá an tionscadal sin suite ar Leithinis an Phoill Bhig agus soláthróidh sé c.12m tona acmhainne. Áireofar leis an tionscadal athchóiriú ar an gcríochfort LóLó atá ann cheana féin le críochfort RóRó chun freastal ar bhealaí RóRó neamhthionlactha go dtí an Eoraip den chuid is mó. Áireofar leis freisin críochfort mór LóLó nua a sheachadadh os comhair Stáisiún Cumhachta an Phoill Bhig. Príomhghné eile den tionscadal is ea Bealach Rochtana an Chalafort Theas (BRCT) a sholáthróidh nasc tiomnaithe ón bPoll Beag go dtí Tollán Chalafort Átha Cliath.



ATHBHREITHNIÚ ÓN BPRÍOMH-FHEIDHMEANNACH AR LEAN

Tá Calafort Átha Cliath tiomanta d'inhuanaitheacht a leabú inár bpríomh-mhúnla oibriúcháin gnó agus príomhcheisteanna inhuanaitheachta a shainthint mar riachtanas straitéiseach don Chomhlacht. In 2022 ghlac an Bord an Creat um Ghníomhú ar son na hAeráide don Earnáil Tráchtála Leathstáit (TLS) agus d'fhorghas sé na spriocanna gníomhaithe ar son na haeráide agus an cur chuige cúig ghealltanas maidir le spriocanna a leagan síos le haghaidh 2030 a bhaint amach. I rith 2024, bhunaigh an Comhlacht creat rialachais le haghaidh ESG agus chuir sé tús le forbairt Straitéise ESG. Tabharfar an straitéis sin chun críche in 2025 nuair a chríochnófar Measúnú Ábharthachta Dúbailte (MÁD) a dheimhneoidh, tar éis rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara an Chomhlachta, na príomhthosaíochtaí inhuanaitheachta straitéiseacha, tionchair, rioscaí agus deiseanna don Chomhlacht, rud a bhunóidh creat láidir chun dul chun cinn an Chomhlachta i gcoinne príomhspríocanna inhuanaitheachta a bhainistiú agus a rianú.

Chuir Calafort Átha Cliath, i gcomhar leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, an chéad tionscadal éicinnealtóireachta sa domhan chun feidhme ar an mBalla Mór Theas chun bithéagsúlacht mhuirí a fheabhsú.

Bhí an Comhlacht ag ullmhú chun tuairisciú a dhéanamh i gcoinne Threoir an AE maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (TTIC), agus in ainneoin forbairtí le déanaí agus in ainneoin éiginnteachta faoi oibleagáidí dlíthiúla an Chomhlachta maidir le tuairisciú, tá inhuanaitheacht ina príomhriachtanas straitéiseach do Chalafort Átha Cliath agus beidh sí ina hábhar airde fós. Tá an inhuanaitheacht ag croílár ár dtionscadal forbartha bonneagair go léir, lena n-áirítear 3FM. Cloífidh an t-athchóiriú agus an t-uasghrádú ar ár bhfoirgneamh ceannoifige, Lárionad an Chalafoirt, le caighdeán maidir le Foirgneamh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh (FNMNTF), rud a chuirfidh le spriocanna fuinnimh na hearnála poiblí atá glactha ag an gComhlacht. Chuir Calafort Átha Cliath, i gcomhar leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, an chéad tionscadal éicinnealtóireachta sa domhan chun feidhme ar an mBalla Mór Theas chun bithéagsúlacht mhuirí a fheabhsú. Léiríonn an tionscadal sin tiomantas an Chomhlachta do mhaoirseacht chomhshaoil agus forbairt bonneagair inhuanaithe.





Ag deireadh na Seachtaine um Shábháilteacht Chalafoirt na hÉireann 2024, arna reáchtáil ag Comhlacht Chalafoirt Átha Cliath i gcomhar le calafoirt Éireannacha eile, bhí raon rathúil imeachtaí agus gníomhaíochtaí a bhí dírithe ar shláinte, sábháilteacht agus folláine na n-oibrithe Calafóirt agus an phobail áitiúil a fheabhsú.

I rith 2024, osclaíodh Glasbhealach Inbhir na Tulchann de chuid Chalafoirt Átha Cliath don phobal go hoifigiúil. Is bealach nua comhroinnte rothar agus coisithe é an Glasbhealach a cheanglaíonn Páirc Ghnó an Phointe Thoir leis na críochfoirt farantóireachta agus atá feadh imeall thailte thuaidh an Chalafoirt. Tá an taitneamhacht sin mar chuid lárnach de straitéis chomhtháthaithe Chalafoirt-Chathair Chalafoirt Átha Cliath chun an Calafort a oscailt don phobal agus chun na ceangail stairiúla shaibhre leis an gCathair atá aige a cheiliúradh.

Bhí bród orainn an Straitéis Chaomhnaithe um Oidhreacht Chalafoirt Átha Cliath a sheoladh, ar tionscnamh suntasach í chun stair agus oidhreacht shaibhir Chalafoirt Átha Cliath a chaomhnú agus a cheiliúradh. Den chéad uair ina stair 300 bliain, tá oidhreacht nádúrtha, thionsclaíoch agus chultúrtha an Chalafoirt mapáilte ar an scála sin. Leis an straitéis leagtar béim ar éagsúlacht timpeallacht thógtha an Chalafoirt, struchtúir stairiúla amhail an Balla Mór Theas agus Cartlann an Chalafoirt. Leagtar béim san fhoilseachán sin ar an bhfreagracht atá orainn mar mhaoir ar an oidhreacht iontach sin agus ag an am céanna baint níos doimhne a chothú idir Calafort Átha Cliath agus a phobal.

Tá sláinte agus sábháilteacht gach duine a oibríonn i gCalafort Átha Cliath nó a úsáideann é mar fhíorthosaíocht i gcónaí. Is tionscnamh ar fud an Chalafoirt é Calafort Sábháilte Átha Cliath a seoladh in 2022 chun cultúr agus cleachtas sábháilteachta a fheabhsú do gach oibrí i gCalafort Átha Cliath. Is éard atá sa tionscnamh ná an comhoibriú idir Comhlacht Chalafoirt Átha Cliath, na Gardaí, FSS agus Custaim agus na Coimisinéirí Ioncaim agus an seachtar Oibreoirí Críochfoirt agus féachann sé le cleachtais agus nósanna imeachta sábháilteachta a chaighdeánú ar fud eastát 260 heicteár an Chalafoirt.

I rith 2024 bhí Calafort Átha Cliath bródúil as 'an nGradam le haghaidh Calafort Sábháilte, Éifeachtúil & Slán' a bhronn Cumann Idirnáisiúnta na Máistrí Cuain (CIMC) air. Ag deireadh na Seachtaine um Shábháilteacht Chalafoirt na hÉireann 2024, arna reáchtáil ag Comhlacht Chalafoirt Átha Cliath i gcomhar le calafoirt Éireannacha eile, bhí raon rathúil imeachtaí agus gníomhaíochtaí a bhí dírithe ar shláinte, sábháilteacht agus folláine na n-oibrithe Calafóirt agus an phobail áitiúil a fheabhsú. Léirigh sé sin an chumhacht atá ag comhoibriú pobail maidir le timpeallacht shábháilte fháilteach a choinneáil ag Calafort Átha Cliath, rud a threisiúnt tiomantas an Chalafoirt d'fheabhsú leanúnach sábháilteachta. Táimid ag tnúth le leanúint lenár gcuid oibre le chéile mar fhoireann faoi Chalafoirt Sábháilte Átha Cliath in 2025.

Agus ár gCeannoifig á n-athshuíomh go sealadach go dtí Páirc Ghnó an Phointe Thoir táimid ag tnúth le hathchóiriú a dhéanamh ar Lárionad an Chalafoirt, rud a fhreastalaíonn orainn le breis agus 40 bliain. Athrófar leis na hoibreacha uasghrádaithe an spás ó bhonn go timpeallacht oibre nua-aimseartha agus sholúbtha, a bheidh saindeartha chun freastal ar riachtanais athraitheacha ár bhfoirne agus a chothóidh cultúr táirgiúil agus comhoibriú chomh maith le cuidiú linn ár gcuspóirí inbhuanaitheachta a bhaint amach. Táimid ag tnúth le filleadh ar Lárionad Calafóirt athbheoite in 2027.

Barry O'Connell, Príomh-Fheidhmeannach
1 Aibreán 2025

POBAL





Is ionann ráitis airgeadais na hÉireann agus aistriúchán, chun críocha eolais, ar na bunráitis airgeadais reachtúla ISA (Éire) a ullmhaíodh i mBéarla.

Cuireann na Stiúrthóirí a dTuarascáil Bhliantúil i láthair mar aon le ráitis airgeadais iniúchta an Chomhlachta don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2024.

Freagracht na Stiúrthóirí as na Ráitis Airgeadais

Tá na Stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le dlí na hÉireann.

Éilíonn dlí na hÉireann ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíreannach agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Chomhlachta ag deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús nó caillteanas an Chomhlachta don bhliain airgeadais. Faoi dlí sin, tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ag na Stiúrthóirí de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn (caighdeán chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa RA, lena n-áirítear Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann agus dlí na hÉireann*).

Faoi dhlí na hÉireann, ní cheadóidh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ach amháin má tá siad sásta go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Chomhlachta ag deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús nó caillteanas an Chomhlachta don bhliain airgeadais.

Le linn do na ráitis airgeadais sin a bheith á n-ullmhú, éilítear ar na Stiúrthóirí:

- polasaithe cuí cuntasaíochta a roghnú agus na polasaithe sin a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- a shonrú cibé ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme agus na caighdeáin sin a aithint, faoi réir aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin sin a bheith nochta agus mínithe sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí a thiomhndú go leanfaidh an Comhlacht i mbun gnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as taifid leordhóthanacha chuntasaíochta a choimeád, ar leor iad:

- idirbhearta an Chomhlachta a thaifeadadh agus a mhíniú i gceart;
- a chumasú, tráth ar bith, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais, agus brabús nó caillteanas an Chomhlachta a chinneadh le cruinneas réasúnach; agus
- chun a chur ar chumas na Stiúrthóirí deimhin a dhéanamh de go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAcht na gComhlachtaí 2014 agus chun na ráitis airgeadais sin a chur ar fáil i gcomhair iniúchta.

Tá na Stiúrthóirí freagrach freisin as sócmhainní an Chomhlachta a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar shuíomh gréasáin an Chomhlachta. D'fhéadfadh sé go mbeadh difríocht idir an reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus reachtaíocht i ndlínsí eile.

Stádas Dílthiúil

Is Comhlacht Ghníomhaíochta Ainmnithe í Comhlacht Chalafort Átha Cliath faoi theorainn scaireanna a bunaíodh faoi reacht de bhun an Achta Cuanta, 1996 agus atá corpraithe in Éirinn. An 3 Márta 1997 tháinig an Comhlacht i gcomharbas ar Bhord Poirt agus Duganna Bhaile Átha Cliath, an t-aonán reachtúil a bhí ann roimhe seo le freagracht as Calafort Átha Cliath. Ar an dáta sin ghlac Comhlacht Chalafort Átha Cliath seilbh ar fheidhmeanna agus ghnóthaigh sí sócmhainní agus dliteanais na heagraíochta a chuaigh roimhe ag luachálacha a comhaontaíodh leis an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Náidúrtha ag an am. I gcomaoin na sócmhainní agus na ndliteanas, d'éisigh an Comhlacht scairchaipiteal de €7.648m chuig an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Náidúrtha ag an am.

Le héifeacht ón 26 Iúil 1997, rinneadh an Comhlacht mar údarás píolótaíochta do Chuan Bhaile Átha Cliath.

Aistríodh freagracht as Earnáil an Calafóirt Tráchtála ón Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Náidúrtha chuig an Aire Iompair le héifeacht ón 1 Eanáir 2006.

An 12 Iúil 2011 d'aistrigh an tAire Iompair sócmhainní agus dliteanais Chomhlacht Chalafort Dhún Dealgan go Comhlacht Chalafort Átha Cliath faoi IR Uimh. 361 de 2011.

Príomhghníomhaíochtaí

Is é cuspóir gnó Chomhlacht Chalafort Átha Cliath gluaiseacht earraí agus paisinéirí a éascú, agus sreafaí faisnéise freastalaithe tríd an gCalafort.

Soláthraíonn an Comhlacht an bonneagar, na háiseanna, na seirbhísí agus an áit chrua chun freastal ar riachtanais na gcustaiméirí maidir le haistriú éifeachtach earraí agus paisinéirí idir modhanna iompair ar talamh agus ar muir.

Gintear ioncam maidir le soláthar na saoráidí sin ó dhleachtanna soithí, dleachtanna earraí, cíos agus príomhsheirbhísí a sholáthraítear, amhail tuáil agus píolótaíocht.

Taifid Chuntasaíochta

Is iad na bearta a ghlac na Stiúrthóirí chun comhlíonadh a chinntiú maidir le hoibleagáid an Chomhlachta taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil ná córais agus nósanna imeachta cuí a úsáid agus daoine inniúla a fhostú. Coinnítear na taifid chuntasaíochta ag oifig chláraithe an Chomhlachta, Lárionad an Chalafoirt, Bóthar Alexandra, Baile Átha Cliath 1.

Athbhreithniú Gnó

Tá mionsonraí ar bhrabús na bliana, mar aon le figiúirí comparáideacha le haghaidh 2023, leagtha amach sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus sna nótaí gaolmhara. Tá Príomhtháscairí Feidhmíochta Airgeadais an ghnólachta leagtha amach thíos agus san Athbhreithniú ón bPríomh-Fheidhmeannach.

Tháinig laghdú 1.2% ar an tréchur ag 35.2 milliún tona i gcomparáid le 2023 (2023: 35.6 milliún tona). Tháinig laghdú 4.7% ar onnmhairí i rith na bliana go 13.3 milliún tona (2023: 13.9 milliún tona), agus tháinig méadú 1.0% ar allmhairí go 21.9 milliún tona (2023: 21.7 milliún tona).

Bhí sé sin ní b'isle ná an tréchur 36.6 milliún tona a buiséadaíodh.

Ba é láimhdeachas don bhliain ná €106.3m, méadú 4.8% ar an mbliain roimhe sin (2023: €101.4m) mar thoradh ar arduithe praghais ar Dhleachtanna Calafoirt agus ar leibhéil ghníomhaíochta mhéadaithe i seirbhísí tuála agus píolótaíochta.

Tháinig méadú €4.7m (7.6%) ar Chostais Oibriúcháin lomlána ag €67.5m in 2024 i gcomparáid le 2023 (2023: €62.8m). Tháinig méadú €0.5m (3.5%) ar chostais phárolla (gan pinsin san áireamh agus glan ar chostais phárolla arna gcaipitliú) go €15.6m (2023: €15.1m). Tháinig méadú €4.2m (8.9%) ar chostais neamhphá agus phinsin eile go €51.9m (2023: €47.7m) go príomha mar gheall ar dhímheas agus amúchadh ní b'airde (€1.8m), costas tobhaigh €1.7m ar láithreán folamh agus lagú breise ar shócmhainní seasta, rud a raibh méadú €0.9m mar thoradh air.

Tá Brabús Oibriúcháin beagán níos airde ná mar a bhí in 2023 ag €38.8m agus mar thoradh air sin tá Corrlach Oibriúcháin 36.5% ann (2023: 38.1%).

Ba é an tuilleamh roimh ús, cánacha, dímheas, amúchadh agus lagú (TRÚCDA) ná €59.1m (2023: €56.7m).

B'ionann na glanchostais mhaoinithe agus €2.8m (2023: €3.7m).

B'ionann na Glanmhuirir Úis (gan ús glan ar scéimeanna pinsin san áireamh) agus €4.7m (2023: €6.1m) agus tá clúdach úis an Chomhlachta 8 n-uaire (2023: 6 huairé), bunaithe ar Bhrabús roimh Ús agus Cáin de bhreis ar ghlanmhuirir úis. Mhéadaigh an Glanfhiachas ó €178.1m in 2023 go Glanfhiachas €270.4m in 2024 agus tá an Comhlacht ag comhlíonadh na gcúnant go léir maidir lena shaoráidí iasachtaithe go hiomlán.

Ba é an brabús don bhliain airgeadais ná €30.0m (2023: €29.5m).

Mhéadaigh an Cúl-Ioncam Brabúis agus Caillteanais ó €587.0m an 31 Nollaig 2023 go €600.4m an 31 Nollaig 2024 agus mhéadaigh Cistí na Scairsealbhóirí ó €602.3m go €615.7m le linn na tréimhse céanna.

Rioscaí agus Éiginnteachtaí Príomha

Ceann de na príomh-éiginnteachtaí atá roimh an gComhlacht ná an mbeidh sé in ann an toilleadh Calafoirt riachtanach a sheachadadh chun freastal ar éilimh an mhargaidh leis an leibhéal muiníne atá riachtanach.

Leagtar amach i Máistirphlean 2040 an creat pleanála le haghaidh na dtrí thionscadal um Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh (FBS) a theastaíonn chun cuspóir acmhainne 2040 a bhaint amach:

- Is é an chéad FBS ná Tionscadal Athfhorbartha Abhantrach Alexandra (AAA) agus leanadh ar aghaidh le tógáil ar an tionscadal sin i rith 2024. Ba chloch mhíle mhór í oscailt na chéad chéime de Chríochfort 4 in 2023 maidir le seachadadh an tionscadail sin. Críochnófar na príomhghnéithe innealtóireachta sibhialta deiridh den tionscadal, ballaí na cé nua ag Cé Alexandra Thiar, in 2025 nuair a rachaidh an cead pleanála deich mbliana in éag. Tá sé i gceist cead nua a lorg in 2025 chun an tionscadal a thabhairt chun críche go hiomlán.
- I mí Iúil 2020, dheonaigh an Bord Pleanála cead pleanála 15 bliana le haghaidh an dara ceann de na trí FBS, Tionscadal MP2. Fuarthas na toilithe riachtanacha um imeall trá agus dumpáil ar farraige in 2022 agus cuireadh tús le hoibreacha le linn 2023 agus leanadh ar aghaidh go dtí 2024. Soláthrófar leis an gcéad chéim, ina mbeidh tógáil dhá bheart, Beart 52/53, fad iomlán 572 méadar do bháid farantóireachta RóRó.
- Táimid tar éis Tionscadal 3FM a thabhairt ar an tríú FBS, agus ar an gceann deiridh, agus i mí Iúil 2024 cuireadh iarratas pleanála faoi bhráid an Bhoird Pleanála inar lorgaíodh cead pleanála 15 bliana.

Tá ceithre phríomhriosca agus neamhchinnteacht ann a d'fhéadfadh cosc a chur ar an gComhlacht cuspóir Máistirphlean 2040 a bhaint amach chun an acmhainn tréchur bliantúil a theastaíonn a sholáthar faoi 2040:

1. Seans nach bhféadfaí cead pleanála a fháil do Thionscadal 3FM.
2. D'fhéadfadh nach mbeifí in ann a chinntiú go n-oibreodh oibreoirí na gcríochfort aonadaithe ar (RóRó agus LóLó araon) ar an leibhéal ard d'úsáid talún a bheadh ag teastáil.
3. Srianata ar thailte an Chalafoirt atá ar fáil tar éis caillteanas 14.6 heicteár (6% d'achar talún iomlán Chalafoirt Átha Cliath) i gcoinne gníomhaireachtaí Stáit chun rialuithe teorann ar thrádáil leis an mBreatain Mhór a thabhairt isteach arís mar thoradh ar Brexit a éascú.
4. An cumas féinmhaoiniú a dhéanamh ar an leibhéal infheistíochta a theastaíonn chun na tionscadail sin a sheachadadh sa mheántearma agus san fhadtearma.

D'fhéadfadh teaghlaim de roinnt de na rioscaí seo nó iad go léir a bheith ina gcóis le Calafort Átha Cliath a acmhainneacht uasta tréachur a bhaint amach chomh luath le 2030.

Toisc go bhfuil méideanna tríd an gCalafort bunaithe ar ghníomhaíocht eacnamaíoch fhoriomlán, tá roinnt éiginnteachtaí roimh an gComhlacht ó thaobh trádála de, go príomha mar gheall ar roinnt dúshláin fhéideartha i ngeilleagar na hÉireann agus i ngeilleagar an domhain. Cé go bhfuil an t-ionchas le haghaidh gheilleagar na hÉireann fós dearfach ar an iomlán, tá imní ann faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag beartas trádála agus cánach na SA, ganntanas tithíochta agus margadh saothair docht, a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar chaiteachas tomhaltóirí agus rialtais. Tá imní ar leibhéal níos leithne freisin de réir mar atá rátaí fáis na hEorpa ag leanúint ar aghaidh ag dul i laghad, agus de bharr na n-éiginnteachtaí fágtha atá bunaithe ar staid pholaitiúil SAM agus ar choinbhleacht leanúnach san Úcráin agus sa Mheánoirthear. Tá athléimneacht oibriúcháin ina príomhábhar ag an gComhlacht, agus cuireadh béim ar a thábhachtaí atá sí nuair a dúnadh Calafort Holyhead i mí na Nollag 2024. Déanfaidh an Comhlacht monatóireacht ghníomhach ar thionchar na rioscaí sin.

Chinntigh an Comhlacht go gcoinníonn sí solúbthacht laistigh de sheachadadh an Chláir Infheistíochta Caipitil atá beartaithe faoi Mháistirphlean 2040 chun cur chun cinn nó moill a chur ar chur chun feidhme tionscadal mar fhreagairt ar fhorbairtí eacnamaíocha níos leithne. Mar sin féin, bhí gá le hathbhreithniú ar chostais agus ar straitéis ioncaim don todhchaí mar gheall ar luaineacht eacnamaíoch agus boilsciú praghsanna tógála.

Tá an Comhlacht neamhchosanta freisin ar an tionchar atá ag moilliú eacnamaíoch ar a gníomhaíochtaí neamhlárnacha Calafóirt. Is léir é sin ón laghdú ar luach réadmhaoin infheistíochta an Chomhlachta atá suite i bPáirc Ghnó an Phointe Thoir. Rinne ár gcomhairleoirí réadmhaoin a réadmhaoin a luacháil arís ag deireadh 2024, rud a d'fhág go raibh laghdú €0.9m ó luacháil €7.0m na bliana roimhe sin go €6.1m ann. Faoi láthair, tá laghdú carnach €4.8m tagtha ar luach na réadmhaoin.

Tá an Chuideachta tiomanta dá neamhchosaint ar riosca a bhainistiú go rathúil agus do thionchar an riosca a íoslaghdú maidir le cuspóirí gnó a bhaint amach. Bhunaigh an Bord Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a bhfuil téarmaí tagartha ar leith aige a léiríonn ról an Choiste maidir le tacaíocht a thabhairt don Bhord chun neamhchosaint na Cuideachta ar riosca a bhainistiú.

Tá Creat Bainistíochta Riosca curtha i bhfeidhm ag an gCuideachta, a bhfuil na gnéithe seo a leanas ina gcuid de:

- Próisis chun rioscaí a aithint, a chur in ord tosaíochta agus a chur i gcatagóir,
- Rioscaí a mheas agus a thomhas go leanúnach, agus
- Monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí agus iad a thuairisciú don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca mar fhochoiste Boird.

Tá an Creat Bainistíochta Riosca cuimsitheach seo forbartha i ngach gné den ghnóthas agus áirítear leis na gnéithe seo a leanas:

1. Bainistíocht Riosca Fiontair
2. Plean Bainistíochta Éigeandála
3. Bainistiú Riosca TFC
4. Bainistiú Riosca maidir leis an bPíblíne Ola Coitianta
5. Bainistiú Riosca maidir le Tionscadail Chaipitil
6. Athbhreithniú Bliantúil ar Straitéis an Bhoird

Tar éis go ndearna an Bord athbhreithniú ar an gCreat Bainistíochta Riosca i bhFeabhra 2020, cuireadh na bearta seo a leanas i bhfeidhm chun bainistíocht fhoriomlán riosca sa Chomhlacht a neartú:

- Ag gach cruinniú Boird, déantar athbhreithniú ar an Tuarascáil Riosca Straitéisigh ina leagtar amach na príomhrioscaí straitéiseacha don ghnólacht.
- Gach bliain ag an athbhreithniú bliantúil ar Straitéisí an Bhoird, déanfar na rioscaí a tuairiscíodh agus a pléadh ag cruinnithe Boird i rith na bliana a chomhdhlúthú sa chlár oibre le haghaidh athbhreithniú ar straitéisí an Bhoird lena chinntiú go gcuirfear na rioscaí straitéiseacha sin san áireamh i bpleananna gearrthéarmacha gnó.
- Déanfar freagairtí ar na rioscaí straitéiseacha a ionchorpú ina dhiaidh sin i bpleananna gnó agus i gcuspóirí na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin
- Déanfaidh an Bord athbhreithniú seachtarach a choimisiúnú go tréimhsiúil ar éifeachtacht chur chuige foriomlán an Comhlachta i leith bainistíochta riosca mar a cheanglaítear sa Chód Cleachtais. Rinneadh an chéad athbhreithniú den sórt sin ó Nollaig 2020 go Feabhra 2021 agus dheimhnigh an tuarascáil deiridh a cuireadh faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca go bhfuil cur chuige Chomhlacht Chalafort Átha Cliath i leith bainistíochta riosca éifeachtach chun na príomhrioscaí atá roimh an gComhlacht a aithint agus a mheasúnú.

Inghlacthacht riosca

Tá éagsúlacht ann i bpróifil an Chomhlachta maidir le hinghlacthacht riosca ar fud réimsí agus gníomhaíochtaí éagsúla dá ghnó:

- Tá an Bord toilteanach glacadh le leibhéal measartha riosca agus iad ag iarraidh a spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.
- Tuigeann an Bord go bhfuil comhhabhtáil idir an riosca agus an luach saothair, agus chun inghlacthacht riosca cothromaithe a bhaint amach, glacann siad cur chuige stuama chucu féin maidir lena chinntiú go maoinítear an gnóthas go leordhóthanach, go háirithe ó thaobh tionscadail bhonneagair a mhaoiniú de. Níl an Bord sásta rioscaí a ghlacadh a chuirfeadh príomhchúnaint i gcomhaontuithe saoráide fiachais an Chomhlachta i mbaol.
- Tugann an Bord tosaíocht do shábháilteacht na bpaisinéirí, na gcuariteoirí, na foirne agus na n-oibrithe Calafoirt agus tá a hinghlacthacht riosca i réimsí na sábháilteachta agus na slándála an-íseal.
- Glacann an Comhlacht bearta chun rioscaí oibriúcháin a aithint agus a bhainistiú. Tá inghlacthacht riosca íseal ann maidir le córais rithabhachtacha a chothabháil agus sonraí a chosaint.
- Féachann an Comhlacht lena chinntiú go gcomhlíonann gníomhaíochtaí comhlíonta ceanglais na rialachán ábhartha agus go gcoimeádann sí inghlacthacht riosca íseal maidir le comhlíonadh agus saincheisteanna rialála.

Ina theannta sin, déantar riosca foriomlán feidhmíochta gnó a bhainistiú trí na bearta seo a leanas:

- Buiséad Bliantúil agus Pleananna Airgeadais Cúig Bliana a ullmhú,
- Tuairisciú Míósúil agus Anailís ar Athraitheas,
- Rialuithe Airgeadais,
- Príomhtháscairí Feidhmíochta, agus
- Polasaithe, Caighdeán agus Treoirínte mionsonraithe chun tacú le rialú agus le maolú rioscaí.

Bainistiú an Riosca Airgeadais

Mar gheall ar oibriúcháin an Chomhlachta, tá sé neamhchosanta ar éagsúlacht rioscaí airgeadais lena n-áirítear riosca ráta úis, riosca creidmheasa, agus leachtacht agus riosca sreabhadh airgid. Déantar athbhreithniú rialta ar bheartais chun an Comhlacht a chosaint ó rioscaí airgeadais. Níl an fhreagracht as monatóireacht a dhéanamh ar bhainistíocht riosca airgeadais tarmilgthe ag na Stiúrthóirí chuig fochoiste den Bhord. Is é an Bord Stiúrthóirí a leagann amach na Beartais agus cuireann Roinn Airgeadais an Chomhlachta chun feidhme iad.

Riosca maidir le Leachtacht agus Sreabhadh Airgid:

Coinníonn an Comhlacht meascán d'airgeadas fiachais gearrthéarmach, meántéarmach agus fadtéarmach chun a chinntiú go bhfuil dóthain cistí ar fáil le haghaidh infheistíocht caipitil phleanáilte. Bhí comhaontú saoráide creidmheasa imrothlaigh ar luach €50 milliún ag an gComhlacht le Banc-Aontas Éireann cpt (ar dtús le Banc Uladh DAC agus aistríodh go Banc-Aontas Éireann cpt é faoi na téarmaí céanna i mí Mheán Fómhair 2022. Bhí an tsaoráid sin dlite le haisiúc (má tarraingíodh í) ina hiomláine i mí an Mhárta 2024 nuair a chuaigh an tsaoráid in éag. Ní raibh an tsaoráid tarraingthe ar an dáta aisiocaíochta. Chuaigh an Comhlacht ar an margadh in 2024 le haghaidh saoráid creidmheasa imrothlaigh €50m athsholáthair, a bhfuil formheas an choiste creidmheasa agus an Bhoird ag a dtéarmaí. Tá an tsaoráid ag feitheamh le formheas ón Scairshealbhóir faoi láthair.

I mí na Nollag 2015 rinne an Comhlacht Conradh Airgeadais leis an mBanc Eorpach Infheistíochta maidir le saoráid airgeadais tionscadail €100m. Tá an tsaoráid sin ar feadh téarma 20 bliain agus tarraingíodh go hiomlán í ag deireadh na bliana 2019.

I mí na Nollag 2019 d'eisigh an Comhlacht bannaí sinsearacha neamhurráithe €300m do raon infheisteoirí institiúideacha. Tá na bannaí sin liostaithe ar Mhargadh Malairte Domhanda Euronext, Baile Átha Cliath. An 31 Nollaig 2024 bhí €300m de bhannaí eisithe.

Is é beartas an Chomhlachta an toradh infheistíochta a uasmhéadú trí iarmhéideanna airgid barrachais a chur ar thaisc airgid thirim a mbaineann riosca íseal leo ar bhonn gearrthéarmach go meántéarmach. Tá sainorduithe cisteáin i bhfeidhm ag an gComhlacht le roinnt institiúidí airgeadais chun na críche sin.

Riosca Creidmheasa:

Tá an Comhlacht neamhchosanta ar riosca creidmheasa le linn trádála agus chun an riosca sin a bhainistiú déanann sé seiceálacha creidmheasa cuí ar chustaiméirí ionchasacha agus ní dhéanann sé trádáil ach le tríú páirtithe inchairde aitheanta.

Riosca Ráta Úis:

Chun neamhchosaint an Chomhlachta ar ghluaiseachtaí diúltacha suntasacha ar rátaí úis a bhainistiú, tá sé mar bheartas ag an gComhlacht 60 faoin gcéad ar a laghad dá fhiachas a choimeád ag rátaí úis seasta. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, rinne an Comhlacht comhaontú ráta seasta úis leis an mBanc Eorpach Infheistíochta ar an tsaoráid airgeadais tionscadail €100m. In 2019, d'eisigh an Comhlacht €300m de bhannaí sinsearacha neamhurráithe ar ráta cúpóin seasta a tarraingíodh anuas go hiomlán in 2022.

Imeachtaí ó dheireadh na bliana airgeadais

Níor tharla aon imeachtaí idir dáta an Chláir Chomhardaithe agus an dáta ar ar fhormheas an Bord na ráitis airgeadais.

Forbairtí sa Todhchaí

Tá Clár Infheistíochta Caipitil buiséadaithe €162.6m ag an gComhlacht le haghaidh 2025. Áirítear leis an gClár Infheistíochta Caipitil atá beartaithe le haghaidh 2025 €50.0m maidir le Céim 2 den Mháistirphlean, €32.0m maidir le Tionscadal Athfhorbartha Abhantrach Alexandra ("AAA"), €15.6m maidir le hoibreacha uasghrádaithe ar Lárionad an Chalafoirt agus €10.3m maidir le Críochfort 4 Thuaidh, Céim 2.

Torthaí agus Díbhinní

Ba é brabús an Chomhlachta don bhliain airgeadais ná €30.0m. Ba iad seo a leanas leithdháiltí agus moltaí na Stiúrthóirí i leith na suime sin:

	2024 €'000	2023 €'000
Brabús don Bhliain Airgeadais	30,046	29,494
Díbhinn Eatramhach €0.5099 (2023: €0.1945) in aghaidh na gnáthscaire íoctha	(5,900)	(2,250)
Méadú ar Bhrabús a Coinníodh roimh aistriú in Ioncam Cuimsitheach Eile	24,146	27,244

Níl sé beartaithe ag na Stiúrthóirí díbhinn deiridh a fhógairt.

Leasanna na Stiúrthóirí agus an Rúnaí

Ní raibh aon leas ag na Stiúrthóirí ná ag an Rúnaí i scairchaipiteal an Chomhlachta amhail an 31 Nollaig 2024 agus 2023.

An tAcht um Íoc Pras

Is é beartas na Cuideachta soláthróirí a íoc i gcomhréir le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2002 agus leis an Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997.

Chuige sin, tá gnáthaimh íocaíochta an Chomhlachta deartha chun dearbhú réasúnta a thabhairt i gcoinne neamhchomhlíonta ábhartha le téarmaí na Rialachán. Is é 30 lá an tréimhse chaighdeánach chreidmheasa, mura sonraítear a mhalairt sna socruithe conartha. Rinneadh formhór na n-íocaíochtaí de réir uimhreach agus luacha laistigh den tréimhse chuí chreidmheasa de réir mar is gá. Dá bharr sin, tá na Stiúrthóirí sásta gur chomhlíon an Comhlacht ceanglais an Achta.

Stiúrthóirí

Tá ainmneacha na ndaoine a bhí ina Stiúrthóirí ag aon am i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2024 agus suas go dtí dáta sínithe na ráiteas airgeadais leagtha amach thíos.

J Grant
B O'Connell
M Brophy
D Cronin
B Grist
M Hand
M Ní Cheoinín (a ceapadh an 12 Márta 2024)
B Power

Caidreamh le Scairshealbhóirí

Bíonn idirphlé leanúnach ag an gCathaoirleach, ag an bPríomh-Fheidhmeannach agus ag an lucht bainistíochta le scairshealbhóirí an Chomhlachta maidir le feidhmíocht trádála, pleananna don todhchaí agus saincheisteanna straitéiseacha. Bíonn ar an Aire Iompair agus/nó ar an Aire Airgeadais ábhair shonraithe ar leith a fhormheas, agus déantar cumarsáid leanúnach leis an Aire ábhartha trína ranna faoi seach. Tuairiscíonn an Cathaoirleach don Aire Iompair mar a cheanglaítear faoi Alt 28 den Acht Cuanta, 1996, agus mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Páirtí Rialaithe Deiridh

Is é an tAire Iompair úinéireacht thairbhiúil scairchaipiteal eisithe an Chomhlachta.

Rialachas Corparáideach

Tá Comhlacht Chalafort Átha Cliath tiomanta d’ardchaighdeán rialachais chorporáidigh a chothabháil agus ghlac sé le prionsabail an rialachais chorporáidigh agus leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit a d’eisigh an Roinn Airgeadais i mBealtaine 2009. Nuashonraíodh an Cód Cleachtais an 1 Meán Fómhair 2016 agus cuireadh forálacha an Chóid nuashonraithe i bhfeidhm ar an tréimhse tuairiscithe airgeadais dar tosach 1 Eanáir 2017. Comhlíonann an Comhlacht freisin a chuid oibleagáidí faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus faoin Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001.

Is stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin é tromlach na Stiúrthóirí agus is é an tAire a cheapann iad. Tagann an Bord le chéile go foirmiúil ar bhonn míosúil (tá 10 gcruinniú in aghaidh na bliana) agus tá sceideal foirmiúil de chúrsaí forchoimeáda go sonrach aige lena gcinneadh. Tá an Bord freagrach as cumhachtaí uile an Chomhlachta a fheidhmiú, seachas iad siúd atá forchoimeáda ag Scairshealbhóirí, agus tá sé comhfhreagrach as oibríochtaí uile an Chomhlachta. Féadfaidh an Bord cuid dá chumhachtaí is cuí leis a tharmligean, chuig Coiste Boird nó chuig an bPríomh-Fheidhmeannach, faoi réir cibé srianta nó rialacháin a fhorchuirfidh sé leis an tarmligean sin. Faoi réir thoilíú an Aire i gcásanna áirithe, tá forchoimeádas na gcinntí maidir le feidhmeanna áirithe sna réimsí Rialachais, Airgeadais, Soláthair, Oibríochtaí agus Ceapachán in Acmhainní Daonna ceadaithe go foirmiúil ag an mBord. Tá rochtain ag an mBord ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí an Chomhlachta agus is féidir leis comhairle ghairmiúil neamhspleách a ghlacadh de réir mar is gá agus nuair a mheastar a bheith riachtanach.

Éilítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú go ndéanfadh an Bord cleachtadh bliantúil féinmheasúnaithe chun a éifeachtacht a mheas. Thug an Bord athbhreithniú féinmheasúnaithe a bhí bunaithe ar cheistneoir atá le fáil sa Chód Cleachtais chun críche i mí Feabhra 2025. Éilítear leis an gCód Cleachtais go ndéanfaí meastóireacht sheachtrach fhoirmiúil gach trí bliana ar a laghad. Rinneadh an t-athbhreithniú neamhspleách is déanaí ó mhí Dheireadh Fómhair go mí na Samhna 2022 agus tuairiscíodh don Bhord i mí Eanáir 2023 é. Dearbhaíodh le torthaí mheastóireacht fhoirmiúil 2022 go bhfuil an Bord ag feidhmiú go héifeachtach agus moladh roinnt réimsí le breithniú ag an mBord. D’aontaigh an Bord i mí Eanáir 2025 go mbeadh comórtas ann chun soláthraí seirbhíse a cheapadh chun meastóireacht sheachtrach a dhéanamh ar an mBord idir mí Dheireadh Fómhair agus mí na Nollag 2025.

Bhunaigh an Bord Coiste Iniúcháireachta in 1997 faoi théarmaí foirmiúla tagartha. Athbhunaíodh an Coiste sin in 2012 mar an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca. Leagtar amach sna téarmaí tagartha cuspóir, údarás agus comhaltas an Choiste, mar aon lena fhreagrachtaí sna réimsí seo a leanas: tuairisciú seachtrach airgeadais, iniúcháireacht sheachtrach, rialachas corparáideach agus iniúcháireacht inmheánach. Nuashonraíodh téarmaí tagartha an Choiste in 2024 chun freagracht as Rialachas Sóisialta Comhshaoil (ESG) a áireamh.

Tháinig an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le chéile ceithre huair le linn na bliana. Ba iad baill an Choiste i rith na bliana ná Bean Uasal Denise Cronin (Cathaoirleach), an tUasal Michael Brophy agus an tUasal Jerry Grant.

Bhunaigh an Bord Coiste Luach Saothair i 1999 freisin. Ba iad baill an choiste i rith na bliana ná an tUasal Jerry Grant (Cathaoirleach), an tUasal Michael Brophy agus Berna Grist Uas. Feidhmíonn an Coiste faoi théarmaí foirmiúla tagartha. Tháinig an Coiste le chéile faoi dhó i rith na bliana.

I mí an Mhárta 2021 bhunaigh an Bord Coiste Bonneagair chun cabhrú leis an mBord beartas agus straitéis ghinearálta a chinneadh maidir le Bonneagar an Chalafoirt a fhorbairt. Ceapadh an tUasal Michael Hand mar Chathaoirleach an Choiste. Ba iad baill an Choiste i rith na bliana ná an tUasal Michael Hand (Cathaoirleach), an tUasal Jerry Grant agus Bean Uasal Berna Grist. Tháinig an Coiste le chéile faoi dhó i rith na bliana.

Bhí 10 gCruinniú Ghinearálta an Bhoird ann le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2024.

Freastal na Stiúrthóirí ar chruinnithe an Bhoird:

Freastal ar Chruinnithe	I láthair	Incháilithe chun Freastal
J.Grant	10	10
B O’Connell	10	10
M Brophy	9	10
D Cronin	10	10
B Grist	10	10
M Hand	9	10
M Ní Cheóinín	8	8
B Power	9	10

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

M Brophy	4	4
D Cronin	4	4
J Grant	4	4

An Coiste Bonneagair

J Grant	2	2
B Grist	2	2
M Hand	2	2

An Coiste Luach Saothair

M Brophy	2	2
J Grant	2	2
B Grist	2	2

Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht

Tá Comhlacht Chalafort Átha Cliath tiomanta do chinntiú go bhfuil ár gcultúr san ionad oibre ag saibhriú agus ag cumasú do gach duine, áit ar féidir le daoine a bheith dílis dóibh féin ag obair.

Mar chuid dár Straitéis Daoine, d'fhorbraíomar ár mBeartas um Chuimsiú & Éagsúlacht le déanaí, a sheolfaimid go luath in 2025, tá an beartas deartha chun cur ar ár gcumas Cuimsiú agus Éagsúlacht a cheiliúradh, a chur chun cinn agus tacú leo siúd ag Comhlacht Chalafort Átha Cliath. Mar chuid dár ngníomhaíochtaí seolta, beidh sraith imeachtaí lóin agus foghlama againn, cloisfimid smaointe agus dearchtaí roinnt guthanna éagsúla i leith Cuimsiú agus Éagsúlacht. Beidh an tsraith imeachtaí dírithe ar ár mBeartas um Chuimsiú & Éagsúlacht agus ar ábhair amhail dínit san ionad oibre, tuismitheoireacht dhearfach, tacú le daoine faoi mhíchumas, mná i ngnó agus ciníochas san ionad oibre.

Táimid ar an mbealach freisin chun an gradam Cré-umha a bhaint amach ó Lárionad na hÉireann um Éagsúlacht, a bhfuil tacaíocht aige ó Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann, is é Infheisteoirí san Éagsúlacht príomh-mharc creidiúnaithe na hÉireann maidir le hÉagsúlacht agus Cuimsiú. Aithnítear sa chlár ár n-iarrachtaí reatha agus, tríd an gclár, tacófar lenár misean feabhsaithe leanúnaigh. Deimhneofar leis an nGradam Cré-umha um Infheisteoirí san Éagsúlacht go bhfuilimid ag tógáil bunús láidir chun Éagsúlacht agus Cuimsiú a leabú ar fud an chomhlachta, agus táimid ullmhaithe le bheith níos cuimsithí. Mar Chuid den chlár, beidh Oiliúint Ceannaireachta Cuimsithí againn dár bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin agus do Bhainisteoirí Sinsearach.

Foilsíodh ár gcéad tuarascáil ar Bhearna Phá idir na hInscní ar ár suíomh gréasáin in 2024. Áirítear sa tuarascáil ár bpleananna don todhchaí chun aghaidh a thabhairt ar an mBearna Phá idir na hInscní, a bhfuil tús curtha leo.

Inbhuanaitheacht

Cuireann Plean Gníomhaíochta an Rialtais ar son na hAeráide oibleagáid ar an earnáil phoiblí, lena n-áirítear comhlachtaí leathstáit tráchtála, laghdú 51% ar a laghad a bhaint amach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 agus feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2030. Tá glactha go foirmiúil ag an gComhlacht le spriocanna na hearnála poiblí agus tuairiscíonn sí sonraí mionsonraithe fuinnimh ar bhonn bliantúil ag baint úsáide as córas Monatóireachta agus Tuairiscithe (M&T) ar líne Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) chun dul chun cinn i dtreo 2030 a rianú. Bhain an Comhlacht amach sprioc na hearnála poiblí 2020 maidir le feabhsú 33% ar éifeachtúlacht fuinnimh.

Chuir an tÚdarás um Gheilleagar Nua agus Téarnamh (NewERA) Creat Gníomhaíochta ar son na hAeráide i bhfeidhm don earnáil leathstáit tráchtála i mí an Mheithimh 2022 agus ghlac an Bord an Creat i Meán Fómhair 2022.

Leagtar amach sa Chreat cúig ghealltanas do comhlachtaí maidir lena gcuspóirí gníomhaíochta aeráide. Is iad na cuspóirí seo:

1. Rialachas Cuspóirí Gníomhaíochta Aeráide
2. Tomhas Astuithe agus Spriocanna Laghdú
3. Luacháil Astuithe i Measúnú Infheistíochta
4. Geilleagar Ciorclach agus Soláthar Glas
5. Nochtaí a Bhaineann leis an Aeráid

Tá an Comhlacht faoi raon feidhme faoi láthair chun tuairisciú a dhéanamh faoin Treoir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (TTIC) i mbliain airgeadais 2025 agus tá sé ag ullmhú chun nochtaí a thuairisciú. I rith na bliana rinne an Comhlacht an struchtúr rialachais le haghaidh Rialachas Sóisialta Comhshaoil (ESG) a chur ar bhonn foirmiúil agus tharmlig an Bord freagracht chuig an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, an POF mar Urraitheoir Tionscadail agus Coiste Stiúrtha ESG. Feidhmíonn an Coiste Stiúrtha ESG faoi théarmaí tagartha formheasta agus tá dlúthmhonatóireacht á déanamh aige ar na hathruithe atá beartaithe ar reachtaíocht an AE maidir le TTIC agus ar na himpleachtaí a bhaineann le tuairisciú don Chomhlacht.

Speansais na Stiúrthóirí

Íocadh speansais €325 (2023: nialas) le baill den Bhord i rith na bliana i leith costais taistil.

Rialuithe Inmheánacha

Tá freagracht iomlán ag an mBord as córais rialaithe inmheánaigh na Cuideachta. Ní féidir leis na córais sin atá á gcoinneáil ag an gCuideachta ach gealltanas réasúnta a thabhairt, seachas gealltanas iomlán, go ndéantar idirbhearta i gcomhréir le húdarú an luchta bainistíochta, go gcosnaítear sócmhainní, go gcuirtear cosc ar chalaíocht agus go gcoinnítear taifid chearta airgeadais. Deimhníonn an Bord go bhfuil athbhreithniú déanta acu ar éifeachtúlacht chóras an rialaithe inmheánaigh.

Chun a chinntiú go gcuirtear rialuithe inmheánacha an Chomhlachta i bhfeidhm go héifeachtach, tá seirbhísí pearsanra cáilithe faighte agus leithdháileadh dualgais orthu i gceart.

Áirítear le córais an rialaithe inmheánaigh:

- Déantar rioscaí gnó a aithint agus a dtionchair airgeadais a mheas trí athbhreithniú a dhéanamh go rialta ar Phlean Straitéiseach an Chomhlachta. Tugtar achoimre thuas ar an bpróiseas a bhaineann le Creat Bainistíochta Riosca an Chomhlachta faoin gceannteideal “Rioscaí agus Éiginnteachtaí Príomha”. Ghlac an Bord leis an bPlean Straitéiseach is déanaí don tréimhse 2022 go dtí 2026 i mí na Nollag 2021;
- Buiséad bliantúil formheasta ag an mBord agus breithniú míosúil ar thorthaí iarbhair i gcomparáid le réamhaisnéisí buiséid;
- Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a bunaíodh chun na rudaí seo a leanas a athbhreithniú agus a phlé leis na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha: rialuithe inmheánacha cuntasáíochta na Cuideachta, an fheidhm Iniúcháireachta Inmheánaí, rogha na mbeartas cuntasáíochta, pleananna iniúcháireachta inmheánaí agus seachtraí, tuarascáil reachtúil na n-iniúcháirí, an tuairiscíú airgeadais agus ábhair ghaolmhara eile;
- Feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí trína ndéantar athbhreithniú ar phríomhphróisis agus ar phríomhrialuithe gnó;
- Cóid fhoirmiúla iompair le haghaidh Stiúrthóirí agus fostaithe; agus
- Beartais agus nósanna imeachta soláthair. Ar an gcead dul síos, déanann siad sin deimhin de go dtéitear i mbun gníomhaíochtaí soláthair chun luach ar airgead a sholáthar i dtéarmaí na gcostas saolré foriomlána agus, lena chois sin, go gclóítear leis na Treoirínte Stáit agus na Treoracha AE ábhartha uile a bhfuil feidhm acu maidir le Fóntais Phoiblí. Tá an Chuideachta ag cloí leis na riachtanais oiriúnacha faoin gCód Caiteachais Phoiblí ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord, tríd an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca, ar éifeachtúlacht chóras an rialaithe inmheánaigh suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Thug an tIniúcháir Inmheánach faoi athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus níor nochtadh aon laigí rialaithe suntasacha a chruthaíonn riosca suntasach maidir le caillteanas airgeadais nó briseadh oibriúcháin, ar gá aird láithreach a thabhairt orthu ag leibhéal an Bhoird.

Ráiteas comhlíonta

Adhmaíonn Stiúrthóirí na Cuideachta go bhfuil siad freagrach as comhlíonadh na Cuideachta lena n-oibleagáidí ábhartha a ráthú (mar atá sainmhínithe in Acht na gCuideachtaí 2014 (an “tAcht 2014”)) agus, mar atá éilithe faoi alt 225 den Acht 2014, deimhníonn na Stiúrthóirí:

- (i) gur ullmhaíodh ráiteas beartais comhlíontachta ina leagtar amach beartais na Cuideachta maidir lena n-oibleagáidí ábhartha faoin Acht 2014 a chomhlíonadh;
- (ii) go bhfuil socruithe agus struchtúir curtha i bhfeidhm a mheasann siad a bheith leordhóthanach chun comhlíonadh ábhartha oibleagáidí iomchuí an Chomhlachta a chinntiú; agus
- (iii) go ndearnadh athbhreithniú ar na socruithe agus struchtúir le linn na bliana airgeadais lena mbaineann Tuarascáil na Stiúrthóirí.

Síntiúis Pholaitíochta

Ní dhearna an Bord aon síntiús polaitíochta i rith na bliana (2023: Nialas).

Nochtadh Faisnéise do na hIniúcháirí

Dheimhnigh na Stiúrthóirí a bhí in oifig ar dháta na tuarascála seo:

- Go bhfios dó/di, nach bhfuil aon fhaisnéis ábhartha iniúchta ann nach bhfuil ar eolas ag iniúcháirí reachtúla an Chomhlachta; agus
- Go bhfuil na bearta go léir déanta aige/aici ar cheart iad a bheith déanta aige/aici mar Stiúrthóir chun eolas a fháil ar aon fhaisnéis ábhartha iniúchta agus chun a dhearbhu go bhfuil an fhaisnéis sin ar eolas ag iniúcháirí reachtúla an Chomhlachta.

Iniúcháirí Reachtúla

Leanann na hiniúcháirí reachtúla, PricewaterhouseCoopers, ag feidhmiú, de réir alt 383(2) d’Acht na gComhlachtaí, 2014.

Thar ceann an Bhoird

Jerry Grant, Cathaoirleach
Barry O’Connell, Príomh-Fheidhmeannach

1 Aibreán 2025

TUARASCÁIL INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO BHAILL DE CHOMHLACHT CHALAFORT ÁTHA CLIATH

Tuairisc ar iniúchadh na ráiteas airgeadais

Tuairim

Maidir le ráitis airgeadais Chomhlacht Chalafort Átha Cliath, is é ár dtuairim:

- go dtugtar léargas fíor agus cothrom leo ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Chomhlachta ar an 31 Nollaig 2024 agus ar a bhrabúis agus ar a shreafaí airgid don bhliain dar críoch an dáta sin;
- gur ullmhaíodh i gceart iad de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn (caighdeán chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa RA, lena n-áirítear Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 “An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann” agus dlí na hÉireann); agus
- gur ullmhaíodh i gceart iad i gcomhréir le ceanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

Tá iniúchadh déanta againn ar na ráitis airgeadais, atá san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais, ar a bhfuil:

- an Clár Comhardaithe amhail ar an 31 Nollaig 2024;
- an Cuntas Brabúis agus Caillteanais agus an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain dar críoch sin;
- an Ráiteas ar Shreafaí Airgid don bhliain dar críoch an dáta sin;
- an Ráiteas ar Athruithe ar Choithromas don bhliain dar críoch sin;
- na Beartais Chuntasaíochta; agus
- na Nótaí leis na Ráitis Airgeadais.

Bunús le tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) (“ISAs (Éire)”) agus an dlí is infheidhme.


Déantar cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí faoi ISAs (Éire) sa chuid dár dtuarascáil ar fhreagrachtaí na nIniúcháirí as iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte againn leordhóthanach agus cuí chun bunús a sholáthar dár dtuairim.

Neamhspleáchas

D’fhanamar neamhspleách ar an gComhlacht de réir na gceanglas eitice a bhaineann lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear Caighdeán Eiticiúil IAASA mar a bhaineann le haonáin liostaithe, agus tá ár bhfreagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta againn de réir na gceanglas seo.

Ár gcur chuige iniúchta

Forbhreathnú



Ábharthacht iomlán

- €1,796,000 (2023: €1,740,000)
- Bunaithe ar c. 5% de bhrabús roimh cháin

Ábharthacht feidhmíochta

- €1,347,000 (2023: €1,305,000)

Scóip iniúchta

- Rinneamar iniúchadh raoin feidhme iomlán ar ráitis airgeadais an Chomhlachta, bunaithe ar na leibhéil ábharthachta.

Príomhábhair iniúchóireachta

- Oiriúnacht na bpríomhthoimhdí tuisceana a úsáideadh chun luacháil dhliteanais na scéime pinsin sochair shainithe chomhlána a chinneadh.

Scóip ár n-iniúchta

Mar chuid dár n-iniúchadh a dhearadh, chinneamar ábharthacht agus rinneamar measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais. Go háirithe, d’fhéachamar ar an áit a ndearna na Stiúrthóirí breithiúnais shuibiachtúla, mar shampla maidir le meastacháin shuntasacha chuntasaíochta lenar bhain toimhdí a dhéanamh agus breithniú a dhéanamh ar imeachtaí sa todhchaí atá neamhchinnte go bunúsach. Mar a bhí i ngach ceann dár n-iniúchtaí thugamar aghaidh freisin ar an riosca go sáródh an bhainistíocht rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear a mheas an raibh fianaise ar chlaonadh ag na Stiúrthóirí a léirigh riosca de mhíshonrú ábhartha mar gheall ar chlaois.

Príomhábhair iniúcháireachta

Is iad príomhnithe iniúchta na nithe sin ba thábhachtaí, i mbreithiúnas gairmiúil na n-iniúcháirí, san iniúchadh ar ráitis airgeadais na tréimhse reatha agus áirítear leo na rioscaí measúnaithe is suntasaí maidir le míshonrú ábhartha (cibé acu de bharr calaoise nó nach ea) a shainaithnítear ag na hiniúcháirí, lena n-áirítear iad siúd a raibh an éifeacht is mó acu ar: an straitéis iniúchta foriomlán; leithdháileadh acmhainní san iniúchadh; agus iarrachtaí na foirne rannpháirtíochta a stiúradh. Díríodh ar na hábhair seo, agus ar aon tuairimí a thugaimid ar thorthaí ár nósanna imeachta orthu, i gcomhthéacs ár n-iniúchta ar na ráitis airgeadais ina n-iomláine, agus le linn dúinn ár dtuairim a fhoirmiú ina leith, agus ní thugaimid tuairim ar leith ar na hábhair sin. Ní liosta iomlán é seo de na rioscaí go léir a aithníodh inár n-iniúchadh.

Príomhábhar iniúchta

Oiriúnacht na bpríomhthoimhdí tuisceana a úsáideadh chun luacháil dhliteanais na scéime pinsin sochair shainithe chomhlána a chinneadh.

Déan tagairt do “Polasaithe Cuntasaíochta – sochair fostaithe – Sochair iarfhostaíochta – plean pinsin le sochar sainithe”, Nóta 3 “Breithiúnais chriticiúla agus meastacháin agus beartais chuntasaíochta an Chomhlachta á gcur i bhfeidhm – (ii) Scéim phinsin shochair shainithe” agus Nóta 31 Sochair “Iarfhostaíochta – (ii) Scéimeanna Sochair Shainithe”.

Feidhmíonn an Comhlacht trí scéim ghníomhacha pinsin le sochar sainithe. B’ionann olldliteanais na scéime pinsin le sochar sainithe amhail an 31 Nollaig 2024 agus €172.6 milliún.

Déantar na dliteanais maidir leis na scéimeanna sochair shainithe seo a luacháil ar bhonn achtúireach agus tá siad faoi réir roinnt toimhdí achtúireacha lena n-áirítear an ráta lascaine, an ráta boilscithe, agus rátaí ionchas saoil.

Chinneamar go raibh sé seo ina phríomhábhar iniúchta mar go bhfuil breithiúnas bunúsach ann agus na toimhdí achtúireacha á gcinneadh agus d’fhéadfadh tionchar suntasach a bheith ag athrú beag ar na toimhdí ar ríomh na ndliteanas scéime pinsin sochair shainithe chomhláin a bhféadfadh athrú ábhartha mar thoradh air méid an bharrachais fhoriomláin do na scéimeanna pinsin le sochar sainithe.

An chaoi ar thug ár n-iniúchadh aghaidh ar an bpríomhcheist iniúchta

Fuaireamar tuiscint ar na próisis a úsáideadh chun an ráta lascaine, an ráta boilscithe, agus na rátaí ionchas saoil a úsáidtear chun na dliteanais pinsin sochair shainithe a ríomh.

Le cúnamh ónár saineolaithe achtúireacha inmheánacha, thugamar dúshlán d’oiriúnacht na dtoimhdí achtúireacha a d’úsáid an Comhlacht chun dliteanais na scéime pinsin le sochair sainithe chomhlána a ríomh. Áiríodh leis sin tagarmharcáil an ráta lascaine, an ráta boilscithe agus na dtoimhdí ráta básmhaireachta i gcoinne sonraí margaidh agus breithniú cibé an bhfuil gach ceann de na toimhdí sin laistigh de raon inghlactha torthaí féideartha.

Bunaithe ar ár nósanna imeachta, chinneamar go raibh na toimhdí achtúireacha a d’úsáid an lucht bainistíochta laistigh de na raonta cuí.

Rinneamar measúnú ar an nochtadh laistigh de na ráitis airgeadais agus mheasamar go raibh an nochtadh réasúnach.

TUARASCÁIL INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO BHAILL DE CHOMHLACHT CHALAFORT ÁTHA CLIATH AR LEAN

An chaoi ar shaincheapamar scóip an iniúchta

Rinneamar raon feidhme ár n-iniúchta a shaincheapadh lena chinntiú go ndearnamar go leor oibre chun go mbeimis in ann tuairim a thabhairt ar na ráitis airgeadais ina n-iomláine, ag cur struchtúr an Chomhlachta, na próisis agus na rialuithe cuntasaíochta, agus an tionscal ina bhfuil sé san áireamh.

Ábharthacht

Bhí tionchar ag ár gcur i bhfeidhm ábharthachta ar raon feidhme ár n-iniúchta. Shocraíomar tairseacha cainníochtúla áirithe maidir le hábharthacht. Chuidigh siad sin, mar aon le breithnithe cáilíochtúla, linn raon feidhme ár n-iniúchta agus nádúr, uainiú agus méid ár nósanna imeachta iniúchta ar mhíreanna líne agus ar nochtaí na ráiteas airgeadais aonair a chinneadh agus éifeacht na míshonruithe a mheas, ina n-aonar agus i gcomhiomlán, ar na ráitis airgeadais ina n-iomláine.

Bunaithe ar ár mbreithiúnas gairmiúil, chinneamar ábharthacht na ráiteas airgeadais ina iomláine mar seo a leanas:

Ábharthacht iomlán	€1,796,000 (2023: €1,740,000).
Conas a chinneamar é	c. 5% den bhrabús roimh cháin (2023: c. 5% den bhrabús roimh cháin).
Réasúnaíocht don tagarmharcáil curtha i bhfeidhm	Chuireamar an tagarmharc seo i bhfeidhm mar is é ár dtuairim gur méadrach é seo a ndéanann a gheallsealbhoirí feidhmíocht an Comhlachta a thomhas go coitianta ina choinne agus go n-úsáidtear leibhéal ábharthachta a léiríonn gníomhaíocht trádála leanúnach an Chomhlachta mar thoradh air.

Bainimid úsáid as ábharthacht feidhmíochta chun an dóchúlacht a laghdú go dtí leibhéal cuí íseal go sáraíonn comhiomlán na míshonruithe neamhcheartaithe agus neamhbhraite an ábharthacht fhoriomlán. Go sonrach, bainimid úsáid as ábharthacht feidhmíochta chun raon feidhme ár n-iniúchta agus nádúr agus méid ár dtástála ar iarmhéideanna cuntas, aicmí idirbheart agus nochtaí a chinneadh, mar shampla agus méideanna sampla á gcinneadh. Ba é ár n-ábharthacht feidhmíochta ná 75% den ábharthacht fhoriomlán, arbh fhiú €1,347,000 é.

Agus ábharthacht na feidhmíochta á chinneadh, rinneamar roinnt fachtóirí a mheas - stair na míshonruithe, measúnú riosca, riosca comhiomlánaithe, agus éifeachtacht na rialuithe - agus tháinig muid ar an gconclúid go raibh méid ag barr ár ngnáthraon oiriúnach.

D'aontaíomar leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca go dtuairisceoimis míshonruithe dó a sainaithníodh le linn ár n-iniúchta os cionn €89,800 (2023: €87,000) chomh maith le míshonruithe faoin méid sin a bhfuil tuairisciú ar chúiseanna cáilíochtúla ag teastáil uathu, dar linn.

Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

I measc ár meastóireachta ar mheasúnú na Stiúrthóirí ar chumas an Chomhlachta chun leanúint ar aghaidh ag glacadh le bonn gnóthas leantach na cuntasaíochta bhí:

- measúnú a dhéanamh ar mheasúnú gnóthas leantach an Chomhlachta (is é sin an tréimhse 12 mhí ón dáta a údaraítear na ráitis airgeadais a eisiúint) agus dúshlán a thabhairt do na príomhbhoinn tuisceana. Ina theannta sin, rinneamar measúnú ar mheasúnú na bainistíochta ar an tionchar dóchúil a d'fhéadfadh a bheith ag an timpeallacht mhaicreacnamaíoch reatha ar fheidhmíocht airgeadais agus ar leachtacht don tréimhse measúnaithe gnóthais leantaigh;
- sláine matamaitice na réamhaisnéisí sreafa airgid agus na múnlaí ullmhaithe ag an mbainistíocht a thástáil;
- breithniú ar na saoráidí maoinithe atá i bhfeidhm lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar nádúr na saoráidí, téarmaí aísíocaíochta agus cúnaight; agus
- na nochduithe sna ráitis airgeadais a mheas agus a gcomhsheasmhacht leis an mbun-mheasúnú a rinne an Comhlacht.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níor aithníodh aon neamhchinnteachtaí ábhartha maidir le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, amhras suntasach a chur ar chumas an Chomhlachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta ar a n-údaraítear na ráitis airgeadais a eisiúint.

Agus iniúchadh á dhéanamh againn ar na ráitis airgeadais, chinneamar gur cuí úsáid a bhaint as bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Mar sin féin, toisc nach féidir gach imeacht nó coinníollacha a thuar, ní ráthaíocht é an tátal seo maidir le cumas an Chomhlachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na Stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach sna ranna ábhartha den tuarascáil seo.

Tuairisciú ar fhaisnéis eile

Cuimsíonn an fhaisnéis eile an fhaisnéis go léir sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil ár n-iniúcháirí orthu. Tá na Stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile. Ní chlúdaíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, dá réir sin, ní chuirimid tuairim iniúcháireachta in iúl nó, ach amháin a mhéid a luaitear a mhalairt go sainráite sa tuarascáil seo, aon chineál dearbhairthe ina leith.

Maidir lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, is é ár bhfreagracht an fhaisnéis eile a léamh agus, agus é sin á dhéanamh againn, a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó an t-eolas atá againn a fuarthas san iniúchadh, nó an chuma ar shlí eile go bhfuil sí míshonraithe go hábhartha. Má aithnímid neamh-chomhsheasmhacht ábhartha dealraitheach nó míshonrú ábhartha, ceanglaítear orainn nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun a chinneadh an bhfuil míshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais nó míshonrú ábhartha ar an bhfaisnéis eile. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go dtuigimid go bhfuil míráiteas ábhartha maidir leis an bhfaisnéis eile seo, ceanglaítear orainn an fhíric sin a thuairisciú. Níl aon rud le tuairisciú againn bunaithe ar na freagrachtaí seo.

Maidir le Tuarascáil na Stiúrthóirí, rinneamar breithniú freisin ar cibé ar cuireadh na nochtáí san áireamh a cheanglaítear le hAcht na gCuideachtaí, 2014.

Bunaithe ar na freagrachtaí a bhfuil cur síos orthu thuas agus ar an obair a rinneamar le linn an iniúchta, ceanglaítear le ISAnna (Éire) agus le hAcht na gCuideachtaí, 2014 orainn tuairimí agus ábhair áirithe a thuairisciú freisin mar a mhínítear thíos:

- Is é ár dtuairim, bunaithe ar an obair a rinneadh le linn an iniúchta, go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 ag teacht leis na ráitis airgeadais agus ullmhaíodh í de réir na gceanglas dlíthiúil is infheidhme.
- Bunaithe ar ár n-eolas agus ár dtuiscint ar an gComhlacht agus ar a thimpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níl aon mhíshonruithe ábhartha sainaitheanta againn i dTuarascáil na Stiúrthóirí.

Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an “Cód Cleachtais”)

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an “Cód Cleachtais”) tá sé de cheangal orainn tuairisc a thabhairt duit mura léiríonn an ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais mar atá san áireamh sa Ráiteas Rialachais Chorporáidigh sa Ráiteas um Rialú Inmheánach Tuarascáil na Stiúrthóirí” comhlíonadh an Chomhlachta le mír 1.9(iv) den Chód Cleachtais nó mura bhfuil sé comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn ónár gcuid oibre iniúchta ar na ráitis airgeadais. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis an bhfreagracht seo.

Freagrachtaí as na ráitis airgeadais agus as an iniúchadh

Freagrachtaí na Stiúrthóirí as na ráitis airgeadais

Mar a mhínítear ar bhealach níos iomláine i bhFreagracht na Stiúrthóirí as Ráitis Airgeadais atá leagtha amach ar leathanach 32, tá na Stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an chreata is infheidhme agus as a bheith sásta go dtugann siad léargas fíor agus cothrom.

Tá na Stiúrthóirí freagrach freisin as cibé rialú inmheánach a chinneann siad atá riachtanach le gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na Stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas an Chomhlachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, ábhair a bhaineann le gnóthas leantach a nochtadh mar is infheidhme agus an bonn gnóthais leantaigh cuntasaióchta a úsáid mura bhfuil sé ar intinn ag na Stiúrthóirí an Comhlachta a leachtú nó deireadh a chur le hoibríochtaí nó mura bhfuil aon rogha mhalartach réalaíoch acu ach é sin a dhéanamh.

TUARASCÁIL INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO BHAILL DE CHOMHLACHT CHALAFORT ÁTHA CLIATH AR LEAN

Freagrachtaí iniúcháirí as na ráitis airgeadais a iniúchadh

Is iad ár gcuspóirí dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúchára a eisiúint a chuimsíonn ár dtuairim. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go n-aimseoidh iniúchadh arna dhéanamh de réir ISAs (Éire) míshonrú ábhartha i gcónaí nuair atá sé ann. Is féidir le míshonrú a eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ina n-aonar nó ina n-iomláine, go bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéantar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Is cásanna de neamhchomhlíonadh dlíthe agus rialacháin iad neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois. Dearaimid nósanna imeachta de réir ár bhfreagrachtaí, atá leagtha amach thuas, chun míshonruithe ábhartha a bhrath maidir le neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois. Sonraítear thíos a mhéid is féidir lenár nósanna imeachta neamhrialtachtaí a bhrath, lena n-áirítear calaois.

Bunaithe ar ár dtuiscint ar an gComhlacht agus ar an tionscal, shainaithníomar gur bhain príomhrioscaí neamhchomhlíonadh na ndlíthe agus na rialachán le sáruithe ar rialacháin sláinte agus sábháilteachta, agus mheasamar a mhéid a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith ag neamhchomhlíonadh ar na ráitis airgeadais. Rinneamar breithniú freisin ar na dlíthe agus na rialacháin sin a bhfuil tionchar díreach acu ar ullmhú na ráiteas airgeadais amhail Acht na gCuideachtaí, 2014 agus reachtaíocht chánach na hÉireann. Rinneamar meastóireacht ar dhreasachtaí agus ar dheiseanna na bainistíochta chun na ráitis airgeadais a mhí-ionramháil go calaoiseach (lena n-áirítear an riosca go ndéanfaí rialuithe a shárú), agus chinneamar go raibh baint ag na príomhrioscaí le postáil iontrálacha dialainne míchuí chun torthaí airgeadais a mhí-ionramháil agus le claontacht bhainistíochta fhéideartha i meastacháin chuntasaíochta. I measc na nósanna imeachta iniúchta a rinne an fhoireann rannpháirtíochta bhí:

- Cainteanna leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca, leis an mbainistíocht agus le hiniúchadh inmheánach lena n-áirítear fiosrú faoi aon chásanna aitheanta nó amhrasta de neamhchomhlíonadh dlíthe agus rialacháin nó calaoise;
- Miontuairiscí chruinnithe an Bhoird Stiúirtheoirí agus an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca a léamh;
- Cigireacht ar thuarascálacha iniúchta inmheánaigh a mhéid is a bhaineann siad leis na ráitis airgeadais;
- Measúnú a dhéanamh ar cibé an raibh fianaise ar chlaonadh bainistíochta a léiríonn riosca míshonrú ábhartha mar gheall ar chalaois;
- Iontrálacha dialainne a shainaithint agus a thástáil, lena n-áirítear iontrálacha ioncaim neamhchaighdeánacha agus teaglamaí cuntas neamhghnácha de réir ár measúnaithe riosca; agus
- Nósanna imeachta iniúchta a dhearadh chun gnéithe dothuartha a chorprú maidir le nádúr agus méid na nósanna imeachta iniúchta a dhéantar.

Tá teorainneacha bunúsacha leis na nósanna imeachta iniúchta a bhfuil cur síos orthu thuas. Is lú an seans go dtiocfaidh muid ar an eolas faoi chásanna de neamhchomhlíonadh dlíthe agus rialacháin nach bhfuil neasghaolmhar le himeachtaí agus idirbhearta a léirítear sna ráitis airgeadais. Chomh maith leis sin, tá an riosca nach mbraitear míshonrú ábhartha mar gheall ar chalaois níos airde ná an riosca nach n-aimseofar earráid de bharr earráide, toisc go bhféadfadh ceilt d'aon ghnó a bheith i gceist le calaois, mar shampla, trí bhrionnú nó trí mhífhaisnéis intinníúil, nó trí chlaonpháirteachas.

D'fhéadfadh sé go gcuimseodh ár dtástáil iniúchta tástáil ar dhaonraí iomlána idirbheart agus iarmhéideanna áirithe, agus b'fhéidir teicnící iniúchta sonraí a úsáid. Mar sin féin, is éard atá i gceist leis de ghnáth ná líon teoranta míreanna a roghnú le haghaidh tástála, seachas tástáil a dhéanamh ar dhaonraí iomlána. Déanfaimid iarracht go minic díriú ar mhíreanna áirithe le haghaidh tástála bunaithe ar a méid nó ar a saintréithe riosca. I gcásanna eile, úsáidfimid sampláil iniúchta le cur ar ár gcumas teacht ar chonclúid faoin daonra óna roghnaítear an sampla.

Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí maidir le hiniúchadh ar na ráitis airgeadais ar fáil ar shuíomh gréasáin an IAASA ag: https://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsibilities_for_audit.pdf

Tá an cur síos seo mar chuid de thuarascáil ár n-iniúcháirí.

Úsáid na tuarascála seo

Ullmhaíodh an tuarascáil seo, lena n-áirítear na tuairimí, do bhail den Chomhlacht agus dóibh siúd amháin mar chomhlacht i gcomhréir le halt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 agus ní chun críche eile. Ní ghlacaimid, agus muid ag tabhairt na dtuairimí seo, freagracht as aon chríoch eile nó as aon duine eile dá dtaispeántar an tuarascáil seo nó a bhféadfadh sí teacht chucu ach amháin nuair a aontaímid go sainráite lenár dtoiliú roimh ré i scríbhinn.

Tuairisciú riachtanach eile

Acht na gCuideachtaí, 2014 tuairimí ar ábhair eile

- Fuairamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críocha ár n-íniúchta.
- Is é ár dtuairim gur leor taifid chuntasaíochta an Chomhlachta chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart.
- Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú eisceachta eile

Luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí

Faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 ceanglaítear orainn tuairisc a thabhairt duit más rud é, inár dtuairim, nach ndearnadh nochtaí luach saothair agus idirbhearta na Stiúrthóirí a shonraítear in ailt 305 go 312 den Acht sin. Níl aon eisceacht le tuairisciú againn a eascraíonn as an bhfreagracht sin.

John Dunne


ar son agus thar ceann PricewaterhouseCoopers

Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúcháireachta Reachtúla
Baile Atha Cliath

1 Aibreán 2025

Is aistriúchán é an leagan Gaeilge den tuarascáil iniúchta, chun críocha eolais, ar thuarascáil bhunaidh an Iniúcháir a eisíodh i mBéarla. Sa chás go bhfuil difríocht idir an leagan Béarla den tuarascáil seo agus aistriúchán uirthi go teanga seachas Béarla, is é an leagan Béarla a bheidh i réim.

CULTÚR





Tá na beartais shuntasacha chuntasaíochta a úsáideadh in ullmhú na ráiteas airgeadais leagtha amach thíos. Tá na beartais seo curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach sna blianta airgeadais go léir atá curtha i láthair ach amháin má luaitear a mhalairt.

Bunús an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil, mar atá leasaithe ag tomhas na maoine infheistíochta agus sócmhainní agus dlíteanas airgeadais áirithe ar luach cóir trí bhrabús nó chaillteanas.

Éilítear le hullmhú na ráiteas airgeadais i gcomhréir le FRS 102 go n-úsáidfear príomhbhoinn tuisceana áirithe maidir leis an todhchaí, agus príomhfhoinsí eile na neamhchinnteachta meastacháin ag an dáta tuairiscithe. Éilítear leis freisin ar na Stiúrthóirí breithiúnas a fheidhmiú agus beartais chuntasaíochta an Chomhlachta á gcur i bhfeidhm. Nochtar i *nóta 3* na réimsí lena mbaineann leibhéal breithiúnais níos airde nó na réimsí ina bhfuil riosca suntasach ag toimhdí agus ag meastacháin a bheith ina gcóis le coigeartú ábhartha ar shuimeanna glanluacha na sócmhainní agus na ndlíteanas laistigh den chéad bhliain airgeadais eile.

Gnóthas leantach

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh cuntasíochta. Comhlíonann an Comhlacht a riachtanais caipitil oibre ó lá go lá trína chúlchistí airgid agus trína iasachtaí. Bhreithnigh na Stiúrthóirí gníomhaíochtaí gnó an Chomhlachta agus conas a ghineann sé luach, mar aon leis na príomhthreochtaí agus na príomhchúinsí ar dócha go mbeidh tionchar acu ar fhorbairt sa todhchaí, ar fheidhmíocht ghnó lena n-áirítear leachtacht agus rochtain ar mhaoiniú. Tá na Stiúrthóirí tar éis machnamh cúramach a dhéanamh ar úsáid an bhoinn gnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu. Tar éis a measúnaithe, tuairiscíonn na Stiúrthóirí gur dheimhneach siad dóibh féin agus go measann siad go bhfuil sé cuí gur gnóthas leantach é an Comhlacht, a bhfuil dóthain acmhainní aige chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad ó dháta ceadaithe na ráiteas airgeadais. Agus an measúnú sin á dhéanamh acu, rinne na Stiúrthóirí breithniú ar an timpeallacht mhaicreacnamaíoch reatha, rud a chruthaíonn éiginnteacht i gcónaí, go háirithe maidir le leibhéal an éilimh ar sheirbhísí an Chomhlachta agus staid airgeadais an Chomhlachta, lena n-áirítear sreafaí airgid, staid leachtachta agus saoráidí iasachtaíochta. Léirítear le réamhaisnéisí agus réamh-mheastacháin an Chomhlachta, agus athruithe réasúnta féideartha ar fheidhmíocht trádála á gcur san áireamh, gur cheart go mbeadh an Comhlacht in ann oibriú laistigh de leibhéal a chúlchistí airgid reatha agus a iasachtaí. Níl aon éiginnteacht ábhartha sainaitheanta ag na Stiúrthóirí atá ina cúis amhrais shuntasacha ar an gcumas leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach thar thréimhse an mheasúnaithe. Ar an ábhar sin, leanann na Stiúrthóirí de bheith ag glacadh an bhoinn gnóthais leantaigh cuntasíochta agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

Aithint ioncaim

Tomhaistear ioncam ag luach cóir na comaoine faighte nó infhaighte agus is ionann é agus an méid infhaighte ar sheirbhísí a cuireadh ar fáil, lascaí agus lacáistí ceadaithe ag an Comhlacht agus cánacha breisluacha.

Aithníonn an Comhlacht ioncam nuair is féidir méid an ioncaim agus na gcostas a thomhas go hiontaofa; is dócha go sreabhfaidh sochair amach anseo chuig an eintiteas agus nuair a bheidh na sainchritéir a bhaineann le gach ceann de bhealaí díola an Chomhlachta comhlíonta, mar a thuairiscítear thíos.

Dhleachtanna Calafóirt:

Eascraíonn ioncam Dleachtanna Calafóirt ó mhuirir ar úsáideoirí Calafóirt agus cuimsíonn sé dleachtanna earraí, dleachtanna soithí agus príomhsheirbhísí eile a chuirtear ar fáil amhail tuail agus píolótaíocht. Gearrtar Dleachtanna Earraí de réir sceideal muirear atá bunaithe ar Aicmithe Trádála Idirnáisiúnta Caighdeánacha. Gearrtar Dleachtanna Soithí maidir le teacht soithigh agus tá rátaí bunaithe agus inmhuirearaithe ar ghlantonnáiste nó leath d'olltonnáiste an tsoithigh, cibé acu is mó. Gearrtar Seirbhísí Tuála agus Píolótaíochta bunaithe ar úsáid.

Aithnítear ioncam Dleachtanna Calafóirt faoi threoir an dáta ar ar tháinig an soitheach isteach sa Chalafort.

Cíosanna:

Eascraíonn ioncam cíosa go príomha as réadmhaoine cíosa a bhaineann leis an gCalafort agus aithnítear é faoi threoir na tréimhse lena mbaineann an cíos. Gearrtar cíos de réir théarmaí an chomhaontaithe cíosa.

Ioncam Eile:

Cuimsíonn ioncam eile atá san áireamh sa Láimhdeachas ná Táillí Cheadúnais agus ioncam ó Stáisiún Seirbhíse comhtháite agus Páirc Trucaíl an Chomhlachta. Aithnítear ioncam faoi threoir na tréimhse lena mbaineann an t-ioncam.

Ioncam Eile:

Tuilleann an Comhlacht ioncam úis agus ioncam deontais freisin. Tugtar cuntas i leith gach cinn de na sruthanna ioncaim sin mar atá leagtha amach thar an méid seo a leanas:

Ioncam Úis:

Aithnítear ioncam úis trí mhodh an ráta úis ghlain. Cuirtear ioncam úis i láthair mar 'ús infhaighte agus ioncam dá shamhail' sa chuntas Brabúis agus Caillteanas.

Ioncam Deontais:

Cuireann an Comhlacht an tsamhail fabhraithe i bhfeidhm mar aitheantas ar ioncam deontais.

Aithnítear deontais a bhaineann le hioncam ar bhonn córasach thar na tréimhsí ina n-aithníonn an Comhlacht na costais ghaolmhara dá bhfuil an deontas beartaithe a chúiteamh. Deontas a thagann chun bheith infhála mar chúiteamh ar speansais a tabhaíodh cheana féin gan aon chostais ghaolmhara sa todhchaí, aithnítear é san ioncam sa tréimhse ina dtagann sé chun bheith infhála.

Aithnítear deontais a bhaineann le sócmhainní in ioncam ar bhonn córasach thar shaolré úsáide ionchasach na sócmhainne. Sa chás go ndéantar cuid de dheontas a bhaineann le sócmhainn a iarchur, aithnítear é mar ioncam iarchurtha agus ní asbhaintear é ó shuim ghlanluacha na sócmhainne.

- Ní aithnítear deontais go dtí go mbíonn cinnteacht réasúnta ann:
- (a) go gcomhlíonfaidh an Comhlacht na coinníollacha a bheidh ag gabháil leo; agus
 - (b) go bhfaighfear na deontais.

Nuair a thagann deontas chun bheith in-aisíoctha aithnítear é mar dhliteanas nuair a chomhlíonann an aisíocaíocht an sainmhíniú ar dhliteanas.

Sócmhainní seasta inláimhsithe

(i) Costas

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas, lúide dímheas cnuasaithe agus caillteanais bearnaithe cnuasaithe.

Áirítear leis an gcostas an bunphraghas ceannaigh, costais atá inchurtha go díreach i leith an tsócmhainn a thabhairt go dtí a suíomh oibre agus riocht lena húsáid bheartaithe, costais díchoimeála agus athchóirithe agus costais iasachtaithe arna gcaipitliú. Áirítear le sócmhainní seasta inláimhsithe costais chaipitlithe fostaithe, úis agus costais eile atá inchurtha go díreach i leith na sócmhainne.

Is iad sócmhainní bonneagair ná na sócmhainní sin atá tréithrithe mar shaol úsáideach beagnach gan teorainn a bheith acu agus a tógadh, go ginearálta, roinnt blianta ó shin ach nach cosúil go dtógfáí mar sin sa lá atá inniu ann. Ina measc tá sócmhainní Balla an Bhulla Thuaidh agus Balla an Bhulla Theas. Iompraítear sócmhainní bonneagair ag luacháil nialasach agus gearrtar costas a gcothabhála ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais. Déanfar caipitliú ar aon chaiteachas feabhsaithe suntasach amach anseo ar shócmhainní bonneagair.

(ii) Dímheas agus luachanna iarmharacha

Ríomhtar dímheas ar shócmhainní, agus úsáid á baint as modh na líne dírí, chun an costas a leithdháileadh ar a luachanna iarmharacha thar an saol úsáideach measta mar seo a leanas:

Foirgnimh, céanna, bóithre agus críochfoirt	50 bliain
Struchtúir duga, dugaí tirime agus céanna	30 - 50 bliain
Dreidireacht chaipitil	30 bliain
Ceardaíocht Comhlúthach	suas go 30 bliain
Craenacha	suas go 30 bliain
Gléasra agus innealra	2 - 30 bliain

Déantar athbhreithniú ar luachanna iarmharacha agus saol úsáideach na sócmhainní, agus déantar iad a choigeartú, más cuí, ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe. Is ar bhonn ionchasach a thugtar cuntas i leith éifeacht aon athraithe.

(iii) Breiseanna ina dhiaidh sin agus comhpháirteanna móra

Ní áirítear costais ina dhiaidh sin, lena n-áirítear iniúchtaí móra, i suim ghlanluacha na sócmhainne nó ní aithnítear iad mar shócmhainn ar leith, de réir mar is cuí, ach amháin nuair is dócha go sreabhfaidh sochair eacnamaíocha a bhaineann leis an mír chuig an gComhlacht agus gur féidir an costas a thomhas go hiontaofa.

Dí-aithnítear suim ghlanluacha aon chomhpháirte athsholáthair. Déileáiltear le mór-chomhpháirteanna mar shócmhainn ar leith sa chás go bhfuil patrúin tomhaltais an-éagsúil acu maidir le sochair eacnamaíocha agus déantar iad a dhímheas ar leithligh thar a saolré úsáide.

Cláraítear mar chaiteachas costais deisiúcháin, cothabhála agus mionchigireachta de réir mar a fhulaingítear iad.

(iv) Sócmhainní le linn tógála

Is ag costas a iompraítear sócmhainní le linn tógála. Ní dhéantar na sócmhainní sin a dhímheas go mbeidh siad ar fáil le húsáid.

(v) Dí-aithint

Déantar sócmhainní inláimhsithe a dhí-aithint nuair a dhiúscaítear iad nó áit nach bhfuil súil le haon tairbhí eacnamaíocha amach anseo. Ar dhiúscairt, aithnítear an difríocht idir na glanfháltais diúscairthe agus an tsuim ghlanluacha sa bhrabús nó caillteanas.

Costais iasachtaithe

Déantar costais iasachtaithe atá inchurtha go díreach i leith tógáil sócmhainní seasta inláimhsithe a chaipitliú mar chuid de chostas na sócmhainní sin. Cuirtear tús le caipitliú nuair a thabhaítear costais airgeadais agus caiteachais le haghaidh na sócmhainne agus nuair atá gníomhaíochtaí atá riachtanach chun an tsócmhainn a fháil réidh lena húsáid ar siúl. Cuirtear deireadh le caipitliú i gcás ina bhfuil beagnach gach gníomhaíocht is gá chun an tsócmhainn a ullmhú lena húsáid críochnaithe.

Dreidireacht

Déantar dreidireacht chaipitiúil, a fheabhsaíonn rochtain nó bonneagar an Chalafoirt, a chaipitiú mar chuid den tsócmhainn sheasta ghaolmhar agus déantar í a dhímheas thar a saolré úsáide mheasta.

Réadmhaoin infheistíochta

Déanann an Comhlacht tomhas ar réadmhaoin infheistíochta ag an gcostas ar aitheantas tosaigh. Is éard atá i gcostas na réadmhaoin infheistíochta ceannaithe ná an praghas ceannaigh agus aon chostas atá inchurtha díreach ina leith amhail táillí gairmiúla as seirbhísí dlí, cánacha chun réadmhaoin a aistriú agus costais idirbhirt eile. Maidir le costais a thabhaítear agus staidéir mhargaidh á ndéanamh roimh cheannach na réadmhaoin, cláraítear mar speansais iad siúd de réir mar a thabhaítear iad.

Maidir le réadmhaoin infheistíochta ar féidir a luach cóir a thomhas go hiontaofa gan costas ná iarracht mhíchuí, déantar iad a thomhas ag luach cóir ar gach dáta tuairiscithe agus aithnítear athruithe ar luach cóir i mbrabús nó i gcaillteanas.

D'fhostaigh an Comhlacht speisialtóirí luachála neamhspleácha chun luach cóir na réadmhaoin infheistíochta amhail an 31 Nollaig 2024 a chinneadh. Tugtar tuilleadh mínithe i *nóta 11* ar na príomhthoimhdí a úsáidtear chun luach cóir na réadmhaoin infheistíochta a chinneadh.

Sócmhainní doláimhsithe

Tugtar bogearraí ríomhaire ar aghaidh ar costas lúide amúchadh carntha agus caillteanais lagaithe carntha. Déantar bogearraí a amúchadh thar a saolré úsáide mheasta, 10 mbliana, ar bhonn líne dírlí. Ní mheastar go bhfuil luach iarmharach ag bogearraí. I gcás ina léiríonn tosca, amhail dul chun cinn teicneolaíochta nó athruithe ar phraghsanna margaidh, go bhfuil athrú tagtha ar shaolré úsáide na mbogearraí, leasaítear an tsaoilré úsáide go hionchasach chun na cúinsí nua a léiriú. Déantar athbhreithniú ar shócmhainní seasta doláimhsithe le haghaidh lagaithe má thugtar le fios go bhféadfadh an tsócmhainn sheasta doláimhsithe a bheith lagaithe.

Bearnú sócmhainní neamhairgeadais

Ag gach dáta Cláir Chomhardaithe déantar sócmhainní neamhairgeadais nach sealbhaítear ar luach cóir a mheas chun a chinneadh an bhfuil comhartha ann go bhféadfadh lagú a bheith ar an tsócmhainn (nó ar aon aonad giniúna airgid). Má tá a leithéid de chomhartha ann meastar luach in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne).

Is é luach in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) ná luach cóir na sócmhainne lúide costais le díol agus an luach úsáide, cibé acu is airde. Is é an luach úsáide ná luach reatha na sreafaí airgid sa todhchaí a mheastar go ndíorthaítear ó úsáid leanúnach na sócmhainne (nó an t-aonad giniúna airgid) agus óna díúscairt ar deireadh. Agus an luach úsáide á thomhas déantar sreafaí airgid réamhchánach agus úis a lascainiú trí úsáid a bhaint as ráta lascaine réamhchánach a léiríonn an ráta margaidh reatha saor ó riosca agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an tsócmhainn nach bhfuil na meastacháin sreafa airgid amach anseo coigeartaithe ina leith.

Má mheastar go bhfuil méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) níos ísle ná an tsuim ghlanluacha, laghdaítear an tsuim ghlanluacha go dtí an méid in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas lagaithe sa chuntas Brabúis agus Caillteanais ach amháin má dhéantar an tsócmhainn a athluacháil nuair a aithnítear an tsuim in loncam Cuimsitheach Eile go dtí méid aon athluachála a aithníodh roimhe seo. Ina dhiaidh sin aithnítear aon bharrachas i mbrabús nó i gcaillteanas.

Má bhíonn aisiompú i gceist le caillteanas bearnúcháin ag tráth níos déanaí, méadaítear glanluach na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) chuig meastachán athbhreithnithe a méid inaisghabhála, ach ní dhéantar amhlaidh ach amháin sa mhéid nach sáraíonn an glanluach athbhreithnithe an glanluach a dhéanfaí a shocrú (glan ó dhímheas) mura n-aithneofaí aon chaillteanas bearnúcháin i dtréimhsí roimhe sin. Aithnítear aisiompú maidir le caillteanas bearnúcháin sa chuntas Brabúis agus Caillteanais, ach amháin má thugtar ar aghaidh an tsócmhainn ag méid athluacháilte.

Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

Airítear le hairgead tirim agus coibhéisí airgid thirim airgead ar láimh, taiscí glaoigh arna sealbhú ag bainc agus infheistíochtaí gearrthéarmacha fíorleachtacha eile a bhfuil aibíochtaí bunaidh trí mhí nó níos lú acu. Maidir le taiscí bainc a bhfuil dátaí aibíochta bunaidh acu atá níos faide ná trí mhí, ní airgead tirim ná coibhéisí airgid thirim iad agus cuirtear i láthair iad mar infheistíochtaí sócmhainne reatha.

Fardail

Sonraítear fardail ag costas. Is míreanna intomhalta iad fardail agus aithnítear mar speansas iad sa tréimhse ina n-úsáidtear iad.

Airítear leis an gcostas an costas ceannaigh, agus áit is cuí, dleachtanna ar allmhairí agus costais iompair.

Ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe, déantar measúnú ar shócmhainní chun aon bhearnúchán a aimsiú. Má tá mír san fhardal bearnaithe, laghdaítear an fardal aitheanta go dtí a mhéid inaisghabhála agus aithnítear muirear bearnúcháin sa chuntas Brabúis agus Caillteanais. Áit a n-aithnítear aisiompú an bhearnúcháin, cealaítear an muirear bearnúcháin, suas go dtí an caillteanas bearnúcháin tosaigh, agus aithnítear mar chreidmheas é a chuntas Brabúis agus Caillteanais.

Airgeadraí eachtracha

i) Airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe

Is é airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe an Chomhlachta ná an euro, agus é ainmnithe ag an tsiombail “€” agus mura sonraítear a mhalairt, tá na ráitis airgeadais curtha i láthair sna mílte (‘000).

ii) Idirbhearta agus iarmhéideanna

Aistrítear idirbhearta in airgeadra eachtrach go dtí an t-airgeadra feidhmiúil agus úsáid á baint as rátaí malairte ar an láthair ar dhátaí na n-idirbheart.

Ag deireadh gach tréimhse aistrítear míreanna airgid airgeadra go Euro agus an ráta reatha á úsáid. Aistrítear míreanna neamhairgid arna dtomhas ag costas stairiúil agus úsáid á baint as an ráta malairte ar dháta an idirbhirt agus déantar míreanna neamhairgid arna dtomhas ag luach cóir a thomhas agus úsáid á baint as an ráta malairte a bhí i bhfeidhm nuair a socraíodh an luach cóir.

Aithnítear sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais gnóthachain agus caillteanais malairte eachtraí ag eascairt ó shocrú idirbheart agus ón aistriú ag rátaí malairte dheireadh na tréimhse le haghaidh sócmhainní agus dliteanas airgeadais ainmnithe in airgeadraí eachtracha.

Cuirtear gnóthachain agus caillteanais malairte eachtraí a bhaineann le hiasachtaí agus airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim i láthair sa chuntas Brabúis agus Caillteanais faoi 'ús iníoctha/infhála'. Cuirtear gach gnóthachan agus caillteanas airgeadra eachtraigh eile i láthair sa chuntas Brabúis agus Caillteanais i 'speansaí riaracháin'.

Sochair fostaithe

Soláthraíonn an Comhlacht raon sochar d'fhostaithe, lena n-áirítear sochair fostaithe gearrthéarmacha ar nós socruithe saoire le pá agus sochair iarfhostaíochta amhail pleananna pinsin sochair shainithe agus ranníocaíochtaí sainithe.

(i) Sochair ghearrthéarmacha

Déantar sochair ghearrthéarmacha, lena n-áirítear pá agus tuarastail, pá saoire agus sochair neamhairgeadais eile dá shamhail a aithint mar chostas sa tréimhse ina mbaintear leas as an tseirbhís.

Feidhmíonn an Comhlacht plean pá feidhmíochta d'fhostaithe áirithe. Aithnítear speansas sa chuntas Brabúis agus Caillteanais nuair a bhíonn oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe faoi láthair ar an gComhlacht íocaíochtaí a dhéanamh faoin bplean mar thoradh ar imeachtaí san am a chuaigh thart agus gur féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar an oibleagáid.

ii) Sochair iarfhostaíochta

Plean ranníocaíochtaí sainithe

Feidhmíonn an Comhlacht plean ranníocaíochtaí sainithe dá fhostaithe. Is plean pinsin é plean ranníocaíochtaí sainithe faoina n-íocann an Comhlacht ranníocaíochtaí seasta le heintiteas ar leithligh. Nuair atá na ranníocaíochtaí íoctha níl aon oibleagáidí íocaíochta eile ag an gComhlacht. Aithnítear na ranníocaíochtaí mar speansas nuair atá siad dlite. Taispeántar méideanna nár íocadh sna fabhruithe sa Chlár Comhardaithe. Coinnítear sócmhainní an phlean ar leithligh ón gComhlacht i gcistí a riartar go neamhspleách.

Plean pinsin le sochair sainithe

Feidhmíonn an Comhlacht pleananna sochair shainithe d'fhostaithe áirithe. Sainmhíníonn plean sochair shainithe an sochar pinsin a gheobhaidh an fostaí ar scor, de ghnáth ag brath ar roinnt fachtóirí lena n-áirítear aois, fad seirbhíse, agus luach saothair. Is é atá i bplean sochair sainithe ná plean pinsin nach plean ranníocaíochta sainithe é. Is é an dliteanas a aithnítear sa Chlár Comhardaithe i dtaobh an phlean sochair sainithe ná luach reatha an oibleagáid sochair sainithe ag deireadh an dáta tuairiscithe lúide luach cóir shócmhainní an phlean ar an dáta tuairiscithe.

Déantar an oibleagáid sochair sainithe a ríomh agus úsáid á baint as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Fostaíonn an Chuideachta achtúirí neamhspleácha gach bliain chun an oibleagáid a ríomh. Socraítear an luach reatha trí na híocaíochtaí measta don todhchaí a lascainiú agus úsáid á baint as torthaí margaidh ar bhannaí corparáide ardchaighdeán atá ainmnithe in Euro agus a bhfuil téarmaí ag gabháil leo atá isteach is amach le tréimhse mheasta na n-íocaíochtaí sa todhchaí.

Déantar luach cóir shócmhainní an phlean a thomhas de réir ordlathas luacha chóir FRS 102 agus de réir bheartas an Comhlacht do shócmhainní ar an gcuma chéanna. Maidir leis an gcuid is mó de shócmhainní plean is ionann é sin agus an praghas luaite i margadh gníomhach. Áit nach bhfuil praghsanna luaite ar fáil baintear úsáid as teicnící cuí um luacháil chun an luach cóir a mheas. Is í an tsócmhainn a aithnítear sa Chlár Comhardaithe maidir leis an bplean sochair shainithe ná luach cóir shócmhainní an phlean ag dáta an chlár chomhardaithe lúide an oibleagáid sochair shainithe ag deireadh dháta an chlár chomhardaithe. Tá an tsócmhainn pinsin in-aisghabhála trí rátaí ranníocaíochta amach anseo a choigeartú nó nuair a fhoirceannar na scéimeanna.

Tá costas an phlean sochair sainithe, atá aitheanta i mbrabús nó caillteanas mar chostais fostaí, ach amháin áit a bhfuil sé cuimsithe i gcostas sócmhainne, déanta suas mar seo a leanas:

- (a) an méadú ar dhliteanas sochair phinsin ag eascairt ó sheirbhís an fhostaí le linn na tréimhse; agus
- (b) an costas as tabhairt isteach an phlean, athruithe ar shochair, ciorrúcháin agus socraíochtaí.

Déantar an glanchostas úis a ríomh agus an ráta lascaine á chur i bhfeidhm ar ghlanmhéid an oibleagáid sochair sainithe agus luach cóir shócmhainní plean. Aithnítear an costas seo i mbrabús nó i gcaillteanas laistigh de 'Ghlanchostas Úis'.

Maidir le gnóthachain agus caillteanais achtúireacha ag eascairt ó choigeartuithe agus athruithe taithí ar bhoinn tuisceana achtúireacha cuirtear de mhuirear nó chun sochar loncain Chuimsithigh Eile iad. Cuirtear na méideanna sin i dteannta leis an toradh ar shócmhainní plean, lúide méideanna curtha san áireamh i nglanús, i láthair mar 'atomhas ar ghlandlíteanas sochair sainithe' in Ioncam Cuimsitheach Eile.

Cánachas

Cuimsítear sa chostas cánachais le haghaidh na tréimhse an cháin reatha agus an cháin iarchurtha arna n-aithint sa tréimhse tuairiscithe. Aithnítear cáin sa chuntas Brabúis agus Caillteanais, ach amháin sa mhéid go mbaineann sé le míreanna atá aitheanta in Ioncam Cuimsitheach Eile nó go díreach i gcothromas. Sa chás seo, aithnítear cáin freisin in Ioncam Cuimsitheach Eile nó go díreach i gcothromas faoi seach.

Ní dhéantar lascainiú ar shócmhainní agus dliteanais cánachais reatha ná iarchurtha.

(i) Cáin reatha

Is ionann an cháin reatha agus an méid cánach ioncaim is difríochtaí ar an mbrabús inchánach don bhliain nó do bhlianta roimhe sin. Déantar an cháin a ríomh ar bhonn rátaí cánach agus dlíthe cánach a achtaíodh nó achtaíodh go substainteach faoi dheireadh na tréimhse. Déanann an lucht bainistíochta meastóireacht go tréimhsiúil ar na staideanna a ghlactar i dtuairisceáin chánach maidir le cásanna ina bhfuil rialachán cánach is infheidhme faoi réir léirmhínithe. Bunaítear leis forálacha nuair is iomchuí ar bhonn na méideanna a mheastar a bheidh le hóc leis na húdaráis chánach.

(ii) Cáin iarchurtha

Eascraíonn cáin iarchurtha as difríochtaí uainiúcháin ar difríochtaí iad idir brabúis inchánacha agus Ioncam Cuimsitheach iomlán mar a shonraítear sna ráitis airgeadais. Eascraíonn na difríochtaí uainiúcháin sin ó chuimsiú ioncaim agus speansas sna measúnuithe cánach i dtréimhsí seachas na cinn ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha ar na difríochtaí uainiúcháin go léir ag an dáta tuairiscithe seachas eisceachtaí áirithe. Ní aithnítear caillteanais chánach neamhfhaoisimh agus sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin nuair is dócha go n-aisghabhfar iad in aghaidh aisiompú dliteanas cánach iarchurtha nó in aghaidh brabúis inchánacha eile amach anseo.

Déantar an cháin iarchurtha a thomhas de réir rátaí cánach agus dlíthe cánach atá achtaithe nó achtaithe go substaintiúil faoi dheireadh na tréimhse agus a mheastar a bheith infheidhme i leith aisiompú na difríochta uainiúcháin.

Míreanna eisceachtúla

Sainaithnítear míreanna eisceachtúla ar leithligh i gCuntas Brabúis agus Caillteanais an Chomhlachta. Is éard is míreanna eisceachtúla ann ná na míreanna sin, inár dtuairim féin, ar gá iad a nochtadh ar leithligh de bhua a méide, a nádúir nó a minicíochta. Ceapann an Comhlacht go soláthraítear leis an gcur i láthair sin anailís bheise mar go leagtar béim ar mhíreanna eisceachtúla. I measc na míreanna sin tá gnóthachain ar dhiúscairt sócmhainní agus costais as athstruchtúrú gnó sa mhéid is go bhfuil siad suntasach.

Chuige sin úsáidtear fachtóirí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun 'míreanna eisceachtúla' a chinneadh de réir mar a shainíonn muid féin iad. Úsáideann an Comhlacht breithiúnas agus measúnú á dhéanamh ar na míreanna áirithe, a nochtar i gCuntas Brabúis agus Caillteanais an Chomhlachta agus i nótaí gaolmhara mar mhíreanna eisceachtúla de bhua a méide, a nádúir agus a minicíochta.

Ionstraimí airgeadais

Roghnaigh an Comhlacht Ailt 11 agus 12 de FRS 102 maidir le hionstraimí airgeadais a ghlacadh.

(i) Sócmhainní airgeadais

Aithnítear bunsócmhainní airgeadais, lena n-áirítear infháltais trádála agus eile, iarmhéideanna airgid thirim agus bainc agus taiscí gearrthéarmacha, ar phraghas an idirbhirt ar dtús, ach amháin más idirbheart maoinithe atá sa socrú, i gcás ina ndéantar an t-idirbheart a thomhas ag luach láithreach na bhfáltais todhchaí a lascainiú ag ráta úis margaidh le haghaidh ionstraim fiachais chomhchosúil.

Déantar a leithéid de shócmhainní a thabhairt ar aghaidh ina dhiaidh sin ar chostas amúchta, agus modh an úis ghlain á úsáid.

Ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe, déantar measúnú ar shócmhainní airgeadais a tomhaiseadh ar chostas amúchta, d'fhonn fianaise oibiachtúil de bhearnúcháin a fháil. Má tá an tsócmhainn bearnaithe, is ionann an caillteanas bearnúcháin agus an difríocht idir an luach tugtha ar aghaidh agus luach reatha na sreafaí measta airgid thirim a bhfuil lascainiú déanta orthu ar ráta bunaidh úis glan na sócmhainne. Aithnítear an caillteanas bearnúcháin mar bhrabús nó caillteanas.

Más amhlaidh, i mbliain airgeadais ina dhiaidh sin, go laghdaítear méid chaillteanas lagaithe agus gur féidir ceangal oibiachtúil a dhéanamh idir an laghdú agus imeacht a tharla tar éis gur aithníodh an lagú cealaítear an caillteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin. Bíonn an oiread freaschuir i gceist nach sáraíonn an tsuim ghlanluacha reatha an méid a bheadh sa tsuim ghlanluacha mura mbeadh an bearnú aitheanta roimhe seo. Aithnítear an freaschur lagaithe mar bhrabús nó mar chaillteanas.

Déantar sócmhainní airgeadais eile, lena n-áirítear infheistíochtaí in ionstraimí cothromais nach fochuideachtaí, comhlaigh nó comhfhiontair iad, a thomhas ar dtús ag luach cóir, arb é an praghas idirbhirt de ghnáth é. Tugtar sócmhainní den sórt sin ar aghaidh ar luach cóir ina dhiaidh sin agus aithnítear na hathruithe ar luach cóir i mbrabús nó i gcaillteanas, ach amháin go ndéantar infheistíochtaí in ionstraimí cothromais nach ndéantar a thrádáil go poiblí agus nach féidir a luachanna córa a thomhas go hiontaofa a thomhas ag costas lúide lagú.

Déantar sócmhainní airgeadais a dhí-aithint nuair (a) a atá na cearta conarthacha ar shreafaí airgid ón tsócmhainn imithe in éag nó socraithe, nó (b) nuair atá na rioscaí agus na luaíochtaí go léir a bhaineann le húnéireacht na sócmhainne airgeadais aistrithe go substaintiúil chuig páirtí eile nó (c) nuair atá rialú na sócmhainne airgeadais aistrithe chuig páirtí eile a bhfuil an cumas praiticiúil acu an tsócmhainn airgeadais a dhíol go haontaobhach le tríú páirtí neamhghaolmhar gan srianta breise a fhorchur.

(ii) Dlíteanais airgeadais

Aithnítear bundlíteanais airgeadais, lena n-áirítear suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile agus iasachtaí bainc ag praghas an idirbhirt, mura rud é gur idirbheart maoinithe é an socrú, i gcás ina ndéantar an ionstraim fiachais a thomhas ag luach láithreach na n-íocaíochtaí todhchaí arna lascainiú ag ráta margaidh úis le haghaidh ionstraim fiachais chomhchosúil.

Déantar na dlíteanais sin a thabhairt ar aghaidh ina dhiaidh sin ar chostas amúchta, agus modh an ráta úis ghlain á úsáid.

Aithnítear táillí a íoctar ar bhunús saoráidí iasachtaí mar chostais idirbhirt na hiasachta sa mhéid is gur dócha go mbeidh cuid den tsaoráid nó an tsaoráid ar fad tarraingthe anuas. Sa chás seo, tá an táille iarchurtha go dtí go dtarlóidh an tarraingt anuas. Déantar costais agus táillí idirbheart a amúchadh thar shaolré na hiasachta.

Is éard is suimeanna iníoctha trádála ann oibleagáidí chun íoc as earraí nó as seirbhísí a fuarthas i ngnáthchúrsa gnó ó sholáthraithe. Aicmítear cuntais iníoctha mar dhlíteanais reatha má tá an íocaíocht dlite taobh istigh de bhliain amháin nó níos lú. Mura bhfuil, léirítear iad mar dhlíteanais neamhreacha. Aithnítear suimeanna iníoctha trádála ar dtús ag praghas idirbhirt agus tomhaistear iad ina dhiaidh sin ag costas amúchta trí mhodh an úis ghlain.

Déantar dlíteanais airgeadais a dhí-aithint nuair a chuirtear deireadh leis an dlíteanas, is é sin, nuair a dhíscailítear an oibleagáid chonarthathe, nuair a chuirtear ar ceal í nó nuair a théann sí in éag.

(iii) Fritháireamh

Déantar sócmhainní agus dlíteanais airgeadais a fhritháireamh agus na glanmhéideanna a chur i láthair sna ráitis airgeadais nuair atá ceart infheidhmithe ann chun na méideanna aitheanta a fhritháireamh agus nuair atá rún ann socrú ar ghlanbhonn nó an tsócmhainn a réadú agus an dlíteanas a shocrú ag an am céanna.

Forálacha agus teagmhais

Is éard is forálacha ann dlíteanais lena mbaineann uainiú nó méid éiginnte.

Aithnítear forálacha nuair atá oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe reatha ar an gComhlacht mar thoradh ar imeachtaí san am atá thart, nuair is dócha go mbeidh gá le haistriú sochar eacnamaíoch chun an oibleagáid a shocrú agus nuair is féidir méid na hoibleagáide a mheas go hiontaoifa.

Déantar forálacha a thomhas ag luach reatha an mheastacháin is fearr ar an méid a theastaíonn chun an oibleagáid a shocrú agus úsáid á baint as ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe reatha an mhargaidh ar luach ama an airgid agus na rioscaí atá sonrach don dlíteanas. Déantar forálacha a athbhreithniú ag deireadh gach bliana airgeadais agus déantar coigeartú orthu chun go léireofaí an meastachán reatha is fearr ar an méid a theastaíonn chun an oibleagáid a shocrú. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas airgeadais i mbrabús nó cailíteanas, agus é curtha i láthair mar chuid de ‘ús iníoctha agus muirir chosúla’ sa bhliain airgeadais ina dtagann sé chun cinn.

Nuair atá roinnt oibleagáidí comhchosúla ann, cinntear an dóchúlacht go mbeidh gá le heis-sreabhadh mar shocrú, cinntear é trí aicme na n-oibleagáidí a bhreithniú ina hiomláine.

Ní aithnítear dlíteanais theagmhasacha, a eascraíonn mar thoradh ar imeachtaí san am a chuaigh thart, mar dhlíteanas toisc nach dócha go gceanglófar ar an gComhlacht sochair eacnamaíocha a aistriú i socraíocht na hoibleagáide nó toisc nach féidir an méid a thomhas go hiontaoifa ag deireadh na bliana airgeadais. Ní aithnítear oibleagáidí féideartha ach éiginnte mar dhlíteanais ach is dlíteanais theagmhasacha iad. Nochtar dlíteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin mura dócha in aon chor go dtarlóidh eis-sreabhadh acmhainní.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go dtarlóidh insreabhadh tairbhí eacnamaíocha.

Dáileadh ar shealbhóirí cothromais

Aithnítear díbhinní agus dáiltí eile chuig scairshealbhóirí an Chomhlachta mar dhlíteanas sna ráitis airgeadais sa tréimhse ina gceadaíonn scairshealbhóirí an Chomhlachta na díbhinní agus na dáiltí eile. Aithnítear na méideanna sin sa ráiteas ar athruithe sa chothromas. Aithnítear díbhinní eatramhacha nuair a íoctar iad.

Scairchaipiteal

Aicmítear gnáthscaireanna mar chothromas agus aithnítear iad ag na fáiltais a fhaightear. Maidir le costais incriminteacha atá inchurtha go díreach i leith cheist na ngnáthscaireanna nó na roghanna nua, taispeántar i gcothromas iad mar dhéaduchtú, glan ó cháin, ó na fáiltais.

Cuntais Tuála

Is ionann ioncam tuála agus ioncam díreach a ghearrtar bunaithe ar úsáid. Áirítear le costais tuála ábhair dhíreacha, saothar díreach agus sciarcu de na forchostais ábhartha, arna gcionroinnt ar an mbonn seo a leanas:

Forchostais	Bonn na cionroinnt
Rátaí	Meánúsáid in aghaidh an tuga
Árachas	% den ioncam tuála
Leictreachas	Meánúsáid in aghaidh an tuga
Teileachumarsáid	% d'iomlán nateileachumarsáide
Riarachán	% de chostas iomlán na ndíolachán le haghaidh tuála

Cuntais phíolótaíochta

Is éard is ioncam píolótaíochta ann ioncam díreach a ghearrtar bunaithe ar úsáid. Is ionann costais phíolótaíochta agus ábhair dhíreacha, saothar díreach agus cion cuí de na forchostais ábhartha a leithdháilítear ar an mbonn seo a leanas:

Forchostais	Bonn na cionroinnt
Rátaí	Úsáid ar an meán in aghaidh long píolótaíochta
Árachas	% ioncaim phíolótaíochta
Leictreachas	Meánúsáid in aghaidh an turais
Teileachumarsáid	% d'iomlán nateileachumarsáide
Riarachán	% de chostas iomlán na ndíolachán don píolótaíocht

Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2024

	Nótaí	2024 €'000	2023 €'000
Láimhdeachas	5	106,263	101,441
Costas díolachán		(47,724)	(44,918)
Brabús Comhlán		58,539	56,523
Speansais riaracháin		(18,933)	(16,526)
Gluaiseacht luacha chóir ar réadmhaoin infheistíochta	11	(850)	(1,315)
Brabús Oibriúcháin	7	38,756	38,682
Brabús roimh Ús agus Cánachas		38,756	38,682
Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil	6	4,856	4,571
Ús iníoctha agus costas comhchosúil	6	(7,686)	(8,234)
Glanhostas Úis		(2,830)	(3,663)
Brabús roimh Chánachas		35,926	35,019
Cáin ar bhrabús	9	(5,880)	(5,525)
Brabús don Bhliain Airgeadais		30,046	29,494

Ba ó ghníomhaíochtaí leantacha amháin a d’eascair Láimhdeachas agus Brabús Oibriúcháin.

Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2024

	Nótaí	2024 €'000	2023 €'000
Brabús don Bhliain Airgeadais		30,046	29,494
Caillteanas atomhais atá aitheanta ar oibleagáidí sochair shainithe	31	(12,266)	(7,522)
Cáin iarchurtha maidir le caillteanas atomhais ar oibleagáidí sochair shainithe	9	1,533	940
Speansas Cuimsitheach eile don bhliain airgeadais, glan ó cháin		(10,733)	(6,582)
Iomlán an Ioncaim Chuimsithigh don bhliain airgeadais		19,313	22,912

Amhail an 31 Nollaig 2024

	Nótaí	2024 €'000	2023 €'000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	10	822,076	741,419
Réadmhaoin infheistíochta	11	6,150	7,000
Sócmhainní doláimhsithe	12	441	435
		828,667	748,854
Sócmhainní reatha			
Talamh forbraíochta infhaighte	13	1,246	1,246
Fardail	14	908	875
Féichiúnaithe – Méideanna dlite laistigh d’aon bhliain amháin	15	25,071	22,567
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		101,931	199,516
Infheistíochtaí eile	16	50,042	-
Sócmhainn phinsin shochair shainithe (dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)	17	41,745	52,781
		220,943	276,985
Creidiúnaithe – Méideanna dlite laistigh d’aon bhliain amháin	18	(20,117)	(22,275)
Glansócmhainní reatha		200,826	254,710
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		1,029,493	1,003,564
Creidiúnaithe – Méideanna dlite i ndiaidh aon bhliain amháin	19	(396,201)	(383,632)
Forálacha le haghaidh dliteanas			
Forálacha eile le haghaidh dliteanas	22	(17,593)	(17,646)
Glansócmhainní		615,699	602,286
Caipiteal agus cúlchistí			
Scairchaipiteal tarraingthe anuas agus é léirithe mar chothromas	23	14,464	14,464
Cúlchiste um thiontú caipitil	23	119	119
Cuntas brabúis agus caillteanais	23	600,398	586,985
Ranníocaíocht chaipitiúil	23	718	718
Iomlán an chothromais		615,699	602,286

D’údaraigh an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar leathanaigh 48 go 81 le heisiúint an 1 Aibreán 2025 agus síníodh thar a cheann iad.

Thar ceann an Bhoird

Jerry Grant, Cathaoirleach
Barry O’Connell, Príomh-Fheidhmeannach

1 Aibreán 2025

Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2024

	Nóta	Scair- chaipiteal glaoite €'000	Cúlchiste caipitil um thiontú €'000	Ranníoc- aíocht chaipitiúil €'000	Cuntas brabús agus caillteanais €'000	Iomlán €'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2023	23	14,464	119	718	566,323	581,624
Brabús na bliana		-	-	-	29,494	29,494
